AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN TEASTAS SÓISEARACH

TREOIRLÍNTE CEOIL DO MHÚINTEOIRÍ

BROLLACH

Tháinig an clár don Teastas Sóisearach i bhfeidhm den chéad uair i Meán Fómhair 1989, agus tugadh faoi na chéad scrúduithe in 1992. Tugadh faoin leasú curaclaim trí chlár ar athbhreithniú siollabais a thabhairt isteach de réir a chéile chomh maith le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí trí chúrsaí inseirbhíse agus treoirlínte múinteoireachta.

Chuaigh an chéad chéim den leasú curaclaim i bhfeidhm ar dheich n-ábhar. Tá sé ábhar i gceist sa dara céim, mar atá, Eolas Imshaoil agus Daoneolas, Eacnamaíocht Bhaile, Teicneolaíocht Ábhar Adhmad, Ceol, Grafaic Theicniúil agus Clóscríbhneoireacht.

Tá na siollabais ceaptha ag coistí cúrsa, ar bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta iad. Bhí na coistí cúrsa seo freagrach chomh maith as Treoirlínte a cheapadh a bheadh ina gcabhair ag múinteoirí chun meabhair a bhaint as na siollabais agus chun iad a chur i bhfeidhm.

Ní saintreoir atá sna treoirlínte seo. Tá a lánchead ag gach múinteoir a m(h)odheolaíocht mhúinteoireachta féin a úsáid chun na spriocanna agus na torthaí mar atá sainithe i ngach siollabas a bhaint amach. Tá roinnt moltaí le fáil sna treoirlínte seo a d'fhéadfadh cabhair bhreise a thabhairt do mhúinteoirí. Dírítear aird ar leith ar ghnéithe den siollabas nua a d'fhéadfadh a bheith nua ag múinteoirí.

Níl sna treoirlínte ach cuid amháin de chlár iomlán tacaíochta do mhúinteoirí. Tá beartaithe, mar shampla, go ndíreofar aird sna cúrsaí inseirbhíse ar roinnt mhór ceisteanna a thagann chun cinn sna treoirlínte.

Ba chóir go dtabharfadh roinnt gnéithe ginearálta treoir don teagasc agus don fhoghlaim a bhaineann leis na siollabais nua -

- ba chóir gach siollabas a theagasc agus tagairt siar chomhfhiosach a dhéanamh chuig forchuspóirí an chláir don Teastas Sóisearach (féach laistigh den leathanach tosaigh). Is

iomaí deis atá ann chun nascálacha traschuraclaim a dhéanamh agus ba cheart na deiseanna seo a thapú.

- ba chóir go léireofaí tríd an chleachtas múinteoireachta, na himpleachtaí geilleagair, sóisialta agus cultúrtha atá ann agus Éire ina ball de Chomhphobal na hEorpa agus go léireofaí, chomh maith na dúshláin agus na deiseanna atá ann, dá bharr seo, i gcomhthéacs is leithne ó thaobh saoránachta de.
- An uair a thagann ceisteanna a bhaineann leis an chomhshaol chun cinn ba cheart caitheamh leo ar bhonn cothromaithe, an gá leis an chomhshaol nádúrtha a chaomhnú agus a chosaint ar láimh amháin agus ar an láimh eile na riachtanais dhlisteanacha atá le forbairt an gheilleagair agus le gníomhaíocht thionsclaíoch.

CLÁR NA NÁBHAR

Brollach . . . . . .…….. 2

1. **RÉAMHRÁ . . .** 6

1.1 An Fáth leis an Athrú…….. 7

1.2 Na Trí Phríomhghníomhaíocht Ceoil. . . ……. 8

1.3 Idirdhealú idir Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil..... 11

1.4 Modheolaíochtaí . . . . . .……. 11

1.5 Leithdháileadh ama agus Fad an Chúrsa . . . . ……. 17

1.6 Eagrúchán Seomra Ranga. . . . . .…… 17

2. SCILEANNA CASAIDH. 19

2.1 Roinnt cur chuige 20

2.2 Na Seacht gCatagóir Casaidh. 22

2.3 Eolas breise ar conas Scileanna Casaidh a chur i láthair. . . 26

3. SCILEANNA CUMADÓIREACHTA 26

3.1 Roinnt cur chuige 27

3.2 Séis a scríobh. 28

3.3 Tríchordaí. 32

3.4 Réimniú ó Chorda go Corda 34

3.5 Saorchumadóireacht roghnach. 36

4. SCILEANNA ÉISTEACHTA 41

4.1 Éisteacht a bhfuil cuspóir léi le Ceol Taifeadta. . . . 42

4.2 Scileanna Éisteachta Ginearálta. 45

4.3 Amhráin /Saothair dhualgais agus Amhráin /Saothair roghnacha. 48

4.4 Staidéar Ginearálta Roghnach. 50

4.5 Ceol na hÉireann. 52

4.6 Litearthacht Ceoil agus Cluasbhraistint. . . . 53

5. ACMHAINNÍ TEAGAISC 54

5.1 Trealamh 54

5.2 Leabhair Acmhainní. 54

5.3 Dioscliostaí. 60

6. **TEICNÍCÍ MEASÚNAITHE AGUS FORÁIL AR RIACHTANAIS SPEISIALTA**. ……. 61

1. RÉAMHRÁ

- Cúlra (lch.2)

  Iarratas ar thuairimí
  An siollabas a chur i bhfeidhm

- An Fáth leis an Athrú (lch.2)

  An gá le deis a thabhairt do chách
  Iomláine - ceoil, oideachasúil
  Rochtain ar chasadh
  Forbairt ceolmhaireachta
  Smaointe nua i dteagasc an cheoil

- Trí Ghníomhaíocht Ceoil (lch.3)

  Forbairt trí chleachtadh - ag casadh, ag cumadh, ag éisteacht
  Cineál comhlántachta na ngníomhaíochtaí
  Leibhéil feidhmiúcháin; an tábhacht le heispéireas
  Athrú an teidil

- Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil (lch.5)

  Idirdhealú
  Casadh grúpa
  Scileanna cumadóireachta

- Modheolaíochtaí (lch.6)

  Cur chuige comhtháite na dtrí ghníomhaíocht
  Samplaí - Cothroime cheoil
  - Mórghléasanna, Mionghléasanna; Mórchordaí agus Mionchordaí

- Leithdháileadh Ama agus Fad an Chúrsa (lch.10)

  Tréimhsí in aghaidh na seachtaine
  Solúbthacht a cheadú

- Eagrúchán Seomra Ranga (lch.10)

  Rang cumais mheasctha a theagasc
  Sampla - Pointí sosa i gceol (dúnadh)
  Gníomhaíochtaí a threisiú, an dá leibhéal

I. RÉAMHRÁ

Lorg an CNCM tuairimí ó fhorais ionadaíocha sular tugadh faoin Teastas Idirmheánach Siollabas don Cheol agus Cheoltóireacht a leasú. Is é ba chuspóir leis seo, an siollabas ceoil is fearr a chruthú don Teastas Sóisearach nua agus chuige sin, fuarthas comhairle shaineolach, comhairle idirnáisiúnta ina measc. Rinneadh staidéar ar shiollabais den chineál chéanna ó thíortha eile le súil go mbeadh an siollabas nua ag teacht leis na forbairtí is déanaí in oideachas an cheoil.

Agus an chéad chéim athbhreithnithe agus leasaithe curtha i gcrích, is den riachtanas anois, tacú leis i ngach uile shlí agus é á chur i bhfeidhm. Tá agus beidh ról lárnach i gcónaí ag soláthar inseirbhíse chuige sin. Beidh na Treoirlínte seo, a d'fhéadfadh a bheith nuashonraithe amach anseo, ina gcuidiú ag an mhúinteoir.

1.1 An Fáth leis an Athrú

Ba léir ó na haighneachtaí a fuarthas go raibh deacrachtaí go leor ag baint lena ilghnéithí a bhí na hionchais in Ceol agus Ceoltóireacht (Siollabais A agus B) araon. Ar ndóigh, ba ghá siollabas a sholáthar a bheadh oiriúnach do na riachtanais i réimse iomlán inniúlachta agus cumais na ndaltaí (i. Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil). I siollabas nua an Teastais Shóisearaigh don Cheol, tugann daltaí faoi na gníomhaíochtaí céanna nó gníomhaíochtaí atá ar chomhchéim le chéile agus tá rochtain iomlán agus oscailte acu ar gach príomhghníomhaíocht ceoil. Tá an siollabas féin deartha le nach mbeadh aon éagothromas ná chlaontacht ann, go háirithe ina leith siúd nach é an ceol clasaiceach ná ceol traidisiúnta na hÉireann is mó a bhfuil taithí acu air.

Tá iomláine oideachasúil an tsiollabais nua bunaithe go príomha ar dhá fhíoras:

(I) Cur chuige ceoil seachas acadúil atá i gceist;

(2) Tá loighic oideachasúil ann atá bunaithe ar thaithí ghinearálta agus ar chumas daltaí atá san aoisghrúpa 12 go 15 bliana.

Tabharfaidh an siollabas nua rochtain níos leithne do gach dalta ar scileanna léirithe. Chuige seo, b'éigean roghanna éagsúla a chorpú, a chuirfeadh ar chumas múinteoirí agus daltaí araon an ceol a iniúchadh agus acmhainní agus stíleanna difriúla ceoil á n-úsáid acu. Trí scóip an tsiollabais a leathnú agus trí ligean don mhúinteoir/dalta rogha is mó a bheith acu, is amhlaidh is fearr a chuirtear chun cinn na riachtanais áirithe cheoil agus oideachais atá ag timpeallachtaí foghlama difriúla.

Ós é forbairt ceolmhaireachta is cuspóir leis an siollabas, ní féidir fanacht i muinín aon chultúr ceoil ar leith leis seo a bhaint amach. Más amhlaidh atáthar leis an sprioc seo a bhaint amach, ní féidir leanúint feasta de shiollabas atá dolúbtha agus go hiomlán saintreorach don aoisghrúpa 12 go 15 bliana. Ba cheart go mbeadh an pointe tosaigh in aice lena dtoil féin. Ní lúide an caighdeán atá lena dtaithí ar an cheol, má éiríonn leis na daltaí, sa deireadh thiar léirthuiscint éigin a bhaint amach ar chineálacha eile ceoil nach leo féin iad. Níor cheart dáiríre tuairimí aibí ceoil a chur ar na daltaí ag an staid seo, nó glacann siad le gach ceolfhuaim, de réir mar a fhorbraíonn an spéis acu i seánraí éagsúla ceoil. Cuirfear an fhorbairt seo san áireamh le cur chuige réasúnach don oideachas ceoil. Ní dhéanfar dochar don leibhéal ceolmhaireachta atá ar fáil do dhaltaí. Is é is cuspóir leis an siollabas seo an taithí seo a mhéadú ar bhealach a bhfuil cuspóir leis.

Le deich mbliana anuas tá roinnt mhaith forbairtí nua déanta maidir le cruthú curaclaim agus madir leis an tuiscint atá ann faoi theagasc an cheoil sa seomra ranga. Tugann siollabas nua deis chun smaointeoireacht úr a chorpú agus is amhlaidh a chuireann sé dlús le forbairt an mhúinteora.

1.2 Na Trí Phríomhghníomhaíocht Ceoil

De réir na réasúnaíochta thuasluaite, is é forbairt na ceolmhaireachta trí CHASADH, CHUMADÓIREACHT agus ÉISTEACHT, an chloch is mó ar phaidrín an tsiollabais. Cuireann na trí ghníomhaíocht seo an réimse iomlán eispéiris ar fáil i dtaca le forbairt scileanna an cheoil, mar atá léirithe i bhFigiúr a hAon.

Tagann casadh, cumadóireacht agus éisteacht go maith le chéile agus cuireann siad le tuiscint na ndaltaí ar phróisis chruthaitheacha an cheoil. Spreagann siad foghlaim ghníomhach seachas foghlaim éighníomhach. Cé go bhfuil fiúntas dá gcuid féin ag na cineálacha cur chuige teoiriciúil a chuireann béim ar an cheol mar fhoras eolais, ar staidéar ar theoiric na nodaireachta, ar chleachtadh an deachtaithe, ar anailís, ar stair fhoirmeálta agus ar ranganna léirtuisceana srl. ní cineálacha cur chuige ceoil iad. Cuireann siad leis agus tacaíonn siad leis an cheolmhaireacht, ach bonn réasúnta ó thaobh taithí de a bheith ann lena sealbhú sa chéad áit. Dá réir sin, is fearr a eagraítear teagasc an cheoil trí thaithí dhíreach a bheith ann leis na trí phríomhghníomhaíocht ceoil iad féin, go háirithe i gcás bhlianta na scoile.

Luíonn sé le ciall gur fearr a éireoidh le daltaí i gceann amháin de na gníomhaíochtaí ná a chéile, agus níor chóir do mhúinteoirí a bheith ag súil leis an chaighdeán ard chéanna uathu sna trí phríomhghníomhaíocht ceoil. Cuireann foclaíocht an tsiollabais béim ar thaithí an chasaidh, na cumadóireachta agus na héisteachta seachas ar chaighdeán aon chasaidh, chumadóireachta ná chluasghrinnis.

Athraíodh teideal an tsiollabais ó Cheol agus Ceoltóireacht go Ceol lena léiriú go mbeidh gach dalta a thugann faoin Teastas Sóisearach don Cheol páirteach i ngach ceann de na trí phríomhghníomhaíocht ceoil. Ní ann do Shiollabais A agus B a thuilleadh. Siollabas amháin do chách atá ann anois.

FIGIÚR A hAON

FORBAIRT NA CEOLMHAIREACHTA TRÍD AN TAITHÍ AR NA TRÍ PHRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT CEOIL.



1.3 Idirdhealú idir Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil

Sonraítear go soiléir sa siollabas an t-idirdhealú idir an dá leibhéal. Is amhlaidh atá maidir leis na caighdeáin don litearthacht ceoil atá ag teastáil le haghaidh na scileanna éagsúla cluasbhraistinte agus cumadóireachta agus le haghaidh na riachtanas mionsonraithe chun scileanna casaidh a thairiscint. Beifear ag súil go mbeidh gach dalta in ann scileanna cumadóireachta a léiriú ag an Ghnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal araon. Más amhlaidh a bhíonn an t-ábhar agus na scileanna i gcoiteann don dá leibhéal, déanfar idirdhealú eatarthu sa scrúdú leis an méid a mbeifear ag súil leis agus i modh agus i ndoimhne an cheistithe.

Tá roinnt scileanna casaidh ann m.sh. is don Ghnáthleibhéal amháin atá léirithe grúpa faoi chatagóirí 2 agus 3 sainithe. Sa chás go bhfuil caighdeán is airde ag ballraíocht an ghrúpa léirithe, áfach, is féidir é a chur isteach le haghaidh an Ardleibhéil faoi chatagóir 7. Ar an dul céanna, tá daltaí go leor ann atá in ann ilchumas a léiriú i scileanna casaidh, seachas in aon scil amháin de chuid an Ardleibhéil i meán casaidh amháin. Chun riar ar na daltaí seo, agus chun an luach acu maidir lena bpáirt i ndéanamh ceoil praiticiúil a aithint, is féidir dhá scil casaidh de chuid an Ghnáthleibhéil a ofráil le haghaidh measúnú ag an Ardleibhéal. Sna cásanna seo, ní dhéanfar ach scrúdú amháin cluaschuimhne nó amharcléimh

Ní mór do dhaltaí Gnáthleibhéil staidéar a dhéanamh ar chumadóireacht séiseanna agus tríchordaí de réir mar atá leagtha amach sa siollabas. Tá sé de rogha ag daltaí Ardleibhéil scileanna cumadóireachta a léiriú ceann ar cheann (.i. na scileanna aonair, mar atá, cumadóireacht séiseanna, tríchordaí móra/miona a aithint agus a úsáid agus réimniú ó chorda go corda) nó sin go comhuaineach agus dréacht saorchumtha á úsáid.

1.4 Modheolaíochtaí

Is iad na meáin is fearr chun an fhoghlaim a léiriú agus a bhaint amach, casadh, cumadóireacht agus éisteacht. Ba chóir an t-aontacht agus an gaol idir na trí

phríomhghníomhaíocht ceoil a spreagadh. Thiocfadh dó, áfach, nach mbeidh sé indéanta leanúint de chur chuige lán-chomhtháite i gcónaí. Mar sin féin, tá buntáistí go leor ag baint le modh comhtháite chun foghlaim a eagrú. Léireoidh na samplaí seo a leanas a úsáidí atá an cur chuige seo.

SAMPLA A hAON **Topaic: COTHROIME CEOIL**

Dírítear aird ar réimse difriúil scileanna mar gheall ar an chluasbhraistint atá i gceist leis an ghné cheoil seo agus leis an saothrú a dhéantar ar fhreagairt cheoil. Tá na nithe seo a leanas i gceist agus samplaí ar chasadh, chumadóireacht agus éisteacht á n-úsáid: tuiscint ar thionchar an athdhéanta agus an seichimh i gcumadóireacht séiseanna; an tábhacht atá ag mírfhaid rialta agus comhsheasmhacht rithimeach i dtaca le ceol rince agus le ceol pobail den uile chineál; pointí dúnta agus an anailís a dhéantar ar fhoirmeacha simplí ceoil. Beidh rogha agus méid an ábhair ag brath ar thaithí agus riachtanais mhionsonraithe an cheachta. Déan machnamh ar an ghaol atá idir gníomhaíochtaí ceoil mar seo a leanas:

- Amhráin agus/nó ceol rince a chasadh m.sh. Click Go The Shears, My Father's Garden, The Little Sandman le Brahms, The Streets Of Laredo, iomainn agus poirt rince éagsúla;

- Teicníochtaí difriúla léiritheacha i dtaca le casadh amhráin m.sh. dinimic, cáilíocht datha/toin srl. a athrú chun idirdhealú a dhéanamh idir míreanna difriúla;

- An ceol a phoncú mar is ceart trí aird a dhíriú ar phointí dúnta, trí análú ar bhealach a thugann leis ciall na bhfocal agus/nó na míre ceoil;

- Freagair go híogaireach agus go tuisceanach do mhíreanna agus seichimh chothromaithe i mbun léirithe;

- Rithimí freagartha nua nó míreanna séiseacha ar mhíreanna seanaitheanta a thobchumadh; athrú a dhéanamh go rithimeach agus/nó go séiseach ar dhréachtaí a tugadh, ostinato rithimeacha a chruthú do phoirt sheanaitheanta.

Given



Rhythmic variant

Melodic variant



Rhythmic *ostinatos* to accompany the song *Kalinka*



- Dréacht rithimeach a chumadh agus nodaireacht a dhéanamh uirthi chun mír d'amhrán seanaitheanta a chothromú;
- Nótaí séiseacha deiridh difriúla a chumadh do mhír amhráin a tugadh;
- Comhsheasmhacht rithimeach a chleachtadh ar bhonn ceolmhar;
- Seichimh rithimeacha agus shéiseacha a úsáid i gcumadóireacht séiseanna;
- Ag éisteacht le agus ag aithint cothroime ceoil i samplaí éagsúla ceoil m.sh. Eine Kleine Nachtmusik le Mozart (rannóg na hoscailte), Piano Concerto No.3 i C mion le Beethoven (rannóg na hoscailte), I Got Rhythm le George Gershwin (an loinneog), damhsaí éagsúla seanaitheanta agus poirt éagsúla sheanaitheanta;
- Patrúin rithimeacha agus/nó míreanna gairide séiseacha a stiúradh.

SAMPLA A DÓ: Topaic: MÓRGHLÉASANNA, MIONGHLÉASANNA, MÓRCHORDAÍ AGUS MIONCHORDAÍ

Tá cur chuige comhtháite comhchosúil á léiriú sna gníomhaíochtaí seo a leanas.

- Amhráin (nó ceol eile) ar thuinairde an dá ghléas dhiatonacha a chasadh m.sh By the Waters of Babylon, Summer is Icumen In srl.;
- Téamaí tríchordacha a sheinm nó a thubchumadh .m.sh.

Go luascach **(ón amhrán He's got the Whole World in His Hands)**



Allegrettó (ó chríoch-cheol Shiansa *Pastoral* Beethoven)



Moderato Téama nuachumtha



- Ionaid ar leith a mholadh le mórchordaí agus mionchordaí a úsáid in amhrán seanaitheanta;

- Úsáid an chorda doh a nótáil in amhráin shimplí san imlíne shéiseach agus san armóin, mar shampla Michael, Row The Boat Ashore, Early One Morning srl.;

- Foinn *thríchordacha a chumadh* do rithimí a thugtar (sin le rá nótaí an mhórchorda nó an mhionchorda doh a úsáid le himlínte séiseacha a chruthú) m.sh.

Tugtha



- Dúnta nó cordaí mar thionlacan a chumadh sa dá ghléas dhiatonacha;

- Éisteacht le móitífeanna tríchordacha m.sh Morning-Mood as Peer Gynt Suite le Grieg, téama tosach as Ceathairéad Téadach in A mion Schubert, Suantraí Brahms, an téama tosach as Coinséartó Pianó Uimh.3 in C mion Beethoven, téamacheol an scannáin The Big Country srl.;

- Éisteacht le agus cur síos ar na saintréithe ceoil as mórleaganacha agus mionleaganacha den fhonn chéanna m.sh. breachnuithe as Surprise Symphony Haydn, breachnuithe as Trout Quintet Schubert srl.;

- Éisteacht le samplaí ceoil agus plé a dhéanamh ar an dóigh a dtéann tonúlachtaí móra agus beaga araon i bhfeidhm ar an cheol.

1.5 Leithdháileadh Ama agus Fad an Chúrsa

Sa siollabas moltar tréimhsí 40-nóiméad sa tseachtain a chur ar fáil don cheol i ngach bliain de na trí bliana den tSraith Shóisearach agus tá sé seo riachtanach lena chinntiu go ndéanfar riar sásúil ar an ábhar i ngach scoil. Tarlaíonn sé i roinnt scoileanna, in amanna, nach n-ofráiltear sa tseachtain ach dhá thréimhse nó tréimhse amháin go fiú sa chéad bhliain agus an t-easnamh a chúiteamh sna blianta ina dhiaidh sin. Féadann seo tarlú go háirithe i gcásanna a mbíonn réimse leathan ábhar ag daltaí sa chéad bhliain sula roghnaíonn siad líon laghdaithe d'ábhair scrúdaithe sna blianta ina dhiaidh sin. Ní mór do mhúinteoirí ceoil a bheith tuisceanach go gcaithfear glacadh leis an tsolúbthacht seo, toisc go bhfuil argóintí oideachais go leor ann a thacaíonn le chur chuige den chineál seo. Ní mór ligint do scoileanna an clár ama acu a eagrú le riar ar na spriocanna agus ar na riachtanais foriomlána acu. Ní mór, dá réir sin, breathnú ar an mholadh mar riachtanas ginearálta agus mar threoir ghinearálta. Níl aon cheangal ar scoileanna cúrsa ceoil don Teastas Sóisearach a eagrú go huile agus go hiomlán ar an dóigh sin, ach riar a bheith á dhéanamh ar cheol de réir spiorad ginearálta an méid atá sa mholadh. Tá sé tábhachtach go mbeadh trí thréimhse teagmhála in aghaidh na seachtaine ar an mheán ann sa deireadh thiar chun riar go héifeachtach ar an ábhar sna scoileanna.

1.6 Eagrúchán Seomra Ranga

Ní gan dua a theagasctar daltaí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil i ranganna cumais mheasctha. Sin ráite, áfach, féadann pleanáil chúramach mhionsonraithe bheith ina cuidiú. Beidh ar dhaltaí Gnáthleibhéil na bunscileanna agus na bunchoincheapa atá foghlamtha cheana acu a dhaingniú, ach rachaidh daltaí Ardleibhéil níos tapúla trí na bunchéimeanna agus beidh dúshláin níos mó ag teastáil uathu. Moltar go mbainfear úsáid as grúpghníomhaíochtaí a luaithe a bheidh an bunábhar coiteann curtha i gcrích. Is féidir go mbeidh an sampla seo a leanas ina chuidiú.

Topaic: **POINTÍ SOSA I GCEOL/I NDÚNTA**

- Amhráin roghnaithe a chanadh agus aird a tharraingt ar an dóigh a leanann an mhír cheoil ciall agus rithim na bhfocal;
- Ionaid sosa i gceol a chur i gcomparáid le poncaíocht i dteanga;
- Éisteacht le saintréithe rithimiúla pointí dúntacha;
- Éisteacht le saintréithe séiseacha dúnta a chluintear in amhránaíocht;
- Críocha séiseacha a thobchumadh ag leanúint oscailte a thugtar m.sh.

Go réidh **(arna chur in oiriúint ón amhrán *The Miller's Flowers* le Schubert*)***

Tugtha



De Dhíth

- Patrúin dhúntacha rithimeacha a threisiú agus a dheachtú;
- Éisteacht le héifeachtaí ceoil a bhfuil mír-chríocha acu a chluintear go rialta m.sh.sliocht as dréacht atá cothromaithe go clasaiceach, dréacht atá i mbéal an phobail nó dréacht damhsa agus é seo a chur i gcodarsnacht le dréacht as saothar a léiríonn prionsabal an cheoil leanúnaigh m.sh. ilfhónacht eaglasta Ré na hAthbheochana nó saothar rómánasach déanach nó nua-aimseartha.

Gníomhaíochtaí Daingnithe Gnáthleibhéil	**Riachtanais Bhreise Ardleibhéil**
Éisteacht le críocha/dúnta séiseacha in amhrán aitheanta agus iad a mharcáil; Sólfá/ainmneacha cliathnodaireachta na dtrí nóta deiridh de mhíreanna ceoil a scríobh isteach; Nótaí clabhsúir oiriúnacha a chumadh do thosaigh míreanna a thugtar.	Éisteacht leis na críocha/dúnta séiseacha éagsúla in amhráin aitheanta, iad a aithint go séiseach agus iad a ainmniú; Dordnótaí comhoiriúnacha a chumadh do chríocha séiseacha; Éisteacht leis na gnáthchordaí dúntacha i gcomhthéacs ceoil agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu; Na patrúin dhúntacha shéiseacha agus dhoird

	éagsúla a nascadh le cordaí sainiúla; Leagan amach gutha nó pianó ceathairchodach a chleachtadh agus a fheidhmiú de réir mar is gá

2. SCILEANNA CASAIDH

- Léiriú (lch.13)

  Deis déanta ceoil

  An éagsúlacht scileanna atá ann

- Roinnt cur chuige (lch.13)

  Ilchineálacht – eispéiris, spéiseanna, seánraí

  'Míbhuntáistí' an teagaisc aonair

  Féidearthachtaí i Meánscoileanna

  Samplaí – scóip scileanna

- Seacht gCatagóir Casaidh (lch.14)

  Féidearthachtaí a leathnú

  Catagóirí – amhráin a chanadh, banna, cóir/ceolfhoirne/míleata (gutha agus/nó uirlise), uirlis chlasaiceach (aonair), uirlis thraidisiúnta Éireannach, tobchumadóireacht, eile

- Eolas breise (lch.18)

  Cluas-tarchur

  Scálaí/Airpéitsí a eisiamh

  Tionlacaithe

  Codarsnacht sa cheol a chuirtear i láthair

2. SCILEANNA CASAIDH

Ba chóir go mbeadh deis ag gach dalta ceoil an Teastais Shóisearaigh a scileanna casaidh a fhorbairt. Tá gach eispéireas a bhaineann le déanamh ceoil luachmhar agus ba chóir a leithéidí a spreagadh.

I siollabais roimhe seo cuireadh an bhéim ar léiriú dalta mar aonréadaí sa mhodh chlasaiceach nó sa mhodh thraidisiúnta Éireannach. Áithnítear sa siollabas nua go bhfuil éagsúlacht mhór de ghníomhaíochtaí ceoil ag tarlú cheana sa churaclam amchláraithe fhoirmeálta agus taobh amuigh de araon. Maidir le cuid mhaith de na gníomhaíochtaí ceoil seach-churaclaim luachmhara (m.sh. cóir, ceolfhoirne scoile, grúpaí ceoil liotúirgigh, ceolraí scoile, ceolchoirmeacha srl) nach raibh go nuige seo mar chuid fhoirmeálta den siollabas scrúduithe ní mór iad seo a aithint agus a chur isteach mar chuid den siollabas feasta. Go deimhin féin, tá scileanna casaidh á dteagasc cheana ag cuid mhaith múinteoirí ceoil, ainneoin nár tugadh aon aitheantas go nuige seo sa chlár scrúduithe fhoirmeálta do na gníomhaíochtaí seo. Faoin chlár nua is féidir na scileanna casaidh inscrúdaithe uile a thairiscint.

2.1 Roinnt Cur Chuige

Ní lia dalta ná eispéiris agus spéiseanna ceoil. Agus is é an scéal céanna é i dtaca le spéiseanna casaidh éagsúla múinteoirí ceoil. Dá réir sin, ba chóir go n-aithneofaí éagsúlacht cur chuige agus seánraí ceoil ar an siollabas. Ní mór a lua go n-aithnítear gur ar comhluach iad seánraí atá i mbéal an phobail agus stíleanna traidisiúnta agus clasaiceacha. Spreagtar déanamh ceoil grúpa, chomh maith le léiriú aonair. Is ar na gníomhaíochtaí féin atá an bhéim agus níor chóir, dá réir sin, creidiúint a thabhairt bunaithe ar léiriú atá snasta go teicniúil agus ar an bhonn sin amháin.

Measann cuid mhór múinteoirí gur trí theagasc aonair a shealbhaítear scileanna casaidh. Agus, is ar an tslí seo, de ghnáth, a theagasctar cumas uirlise. Ach, ainneoin gurb é seo an cur chuige is fearr a oireann don té a bhfuil bua ar leith acu in uirlis ar leith, níl aon fhianaise ann, áfach, a léiríonn gurb é seo an modh is fearr do chách. Tá daltaí go leor eile, a bhfuil bua an cheoil acu ar a mbealach féin, nach réitíonn ceachtanna ceoil aonair

leo. I gcás na ndaltaí seo, is minic gur tábhachtaí acu an ghné shóisialta a bhaineann le ceol a dhéanamh i grúpa i dtaca le hábharthacht agus le pléisiúr de.

Is fiú a lua, mar threoirlíne ghinearálta, go gceadaítear do mhúinteoirí ceoil cáilithe i Meánscoileanna suas le trian de na huaireanta teagaisc conarthacha acu a a chaitheamh i mbun teagaisc uirlise. Is i gcás daltaí a bhfuil gnáthobair ranga sa cheol do cheachtar acu cúrsaí Teastais Shóisearaigh nó Ardteiste á déanamh chomh maith, agus sa chás sin amháin, a cheadaítear é seo. Ba chóir a lua a éifeachtaí atá sé i dtaca le cuidiú le grúpghníomhaíochtaí mar chuid den rannóg scileanna casaidh. Tá grúpghníomhaíochtaí ceoil thar a bheith luachmhar i scoil agus cuireann siad le próifíl agus le hábharthacht an ábhair.

Tá roinnt daltaí ann, áfach, a shealbhaigh a scileanna léirithe aonair go neamhspleách agus a bhfuil na scileanna seo ar chaighdeán chomh hard sin acu gurb é an catagóir seo a gcéadrogha. Níl sé beartaithe go mbeidh ar mhúinteoirí ceoil ranga a bheith gafa le ceachtanna seach-churaclaim aonair lena chinntiú go mbeadh gach dalta ceoil ag teacht leis an chur chuige thraidisiúnta a bhíodh ann i leith uirlis a fhoghlaim. Faoin siollabas nua tá scóip bhreise ann i dtaca le gníomhaíochtaí déanta ceoil a chleachtadh agus a chur i láthair.

Féadtar scileanna casaidh a chleachtadh ar cheann amháin nó níos mó de trí bhealach:

- Scileanna casaidh rangbhunaithe m.sh. amhráin a chanadh, tobchumadóireacht, obair ranga ar an fhliúit Shasanach, amharcléamh, cluaschuimhne a fhorbairt srl.
- Scileanna casaidh scoilbhunaithe mar thoradh den chuid is mó ar ghrúpghníomhaíochtaí aitheanta amchláraithe agus ar ghrúpghníomhaíochtaí seach-churaclaim m.sh. cóir, ceolfhoirne, ceolraí, mion-cheoldrámaí, bannaí scoile srl. I dtaca le grúpaí eile a bhunaítear go neamhfhoirmeálta ag daltaí leasmhara agus tallannacha m.sh. popghrúpaí, grúpaí tíre, grúpaí liotúirgeacha, grúpaí a sheinneann ceol traidisiúnta na hÉireann, ensemble aireagail éagsúla srl, is féidir iad seo a áireamh chomh maith mar ghrúpaí seach-churaclaim agus scoilbhunaithe sa mhéid is go mbíonn siad i mbun cleachtaidh lasmuigh de na huaireanta foirmeálta scoile.

- Scileanna casaidh a sealbhaítear go príobhaideach m.sh. obair uirlise aonair. Déantar iad seo in amanna lasmuigh d'uaireanta scoile foirmeálta agus/nó trí shocrú príobháideach idir daltaí agus múinteoirí.

2.2 Na Seacht gCatagóir Casaidh

Tá leathnú suntasach déanta ar an réimse gníomhaíochtaí a cheadaítear faoi na scileanna léirithe. Tá sé seo riachtanach le riar ar an rannpháirtíocht mhéadaithe atá ann i dtaca le déanamh ceoil gníomhach. Faoi chlár nua an Teastais Shóisearaigh ceadaítear gach grúpghníomhaíocht cheoil, gach léiriú sa cheol pobail agus sa mheán casaidh is inrochtana den iomlán, an guth daonna. Tugtar anseo thíos achomair ar an méid atá beartaithe i ngach ceann de na seacht gcatagóir casaidh atá liostáilte, mar aon leis an chur chuige agus an leibhéal/na leibhéil oiriúnacha.

(1) AMHRÁIN A CHANADH

Sa chatagóir seo beartaítear riar ar gach dalta lena n-áirítear amhránaithe traidisiúnta, amhránaithe tíre, amhránaithe sa chor pobail, iad siúd a fhreastalaíonn ar cheachtanna gutha aonair agus iad siúd a chanann go rialta mar bhaill de rang ceoil Teastais Shóisearaigh.

CUR CHUIGE:	Rangbhunaithe, Scoilbhunaithe nó Sealbhaithe go príobháideach	LEIBHÉIL: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

(2) AMHRÁNAÍOCHT NÓ SEINM MAR BHALL DE CHÓR, DE CHEOLFHOIREANN NÓ DE BHANNA MÍLEATA AITHEANTA

Is é atá i gceist le cóir, ceolfhoirne nó bannaí míleata aitheanta ná na grúpaí sin a bhfuil cur síos orthu ar leathanach 29 den siollabas.

CUR CHUIGE:	Rangbhunaithe nó Scoilbhunaithe	LEIBHÉAL: Gnáthleibhéal amháin

(3) AMHRÁNAÍOCHT NÓ SEINM MAR BHALL D'ENSEMBLE GUTHA AGUS/NÓ UIRLISE [NACH BHFUIL RIAR Á DHÉANAMH ORTHU I GCATAGÓIR 2]

Cuimsítear sa chatagóir seo gach cineál déanta ceoil grúpa eile sna seánraí agus sna leaganacha ceoil éagsúla. Féadann duine aonair nó gach ball de ghrúpa tairiscint a dhéanamh don scrúdú. Tá sé tábhachtach go gcluinfear an grúpa tráth an scrúdaithe. Seo thíos cuid de na gníomhaíochtaí ceoil atá oiriúnach sa chatagóir seo: grúpaí traidisiúnta agus tíre, popghrúpaí, grúpaí a dhéanann rogha ábhair as ceolra stáitse nó as mion-cheoldráma a thairiscint, grúpaí clasaiceacha, grúpaí ar an fhliúit Shasanach, grúpaí madragalacha, bannaí céilí, cóir eaglasta srl. I gcás amhránaí atá á t(h)ionlacan ag dalta eile, déanfaidh an t-amhránaí tairiscint faoi cheachtar acu catagóir I (ag Gnáthleibhéal nó ag Ardleibhéal) nó catagóir 3 (ag Gnáthleibhéal amháin) agus an tionlacaí faoi chatagóir 3 nó 7 ag brath ar cé acu scil Ghnáthleibhéil nó scil Ardleibhéil atá á léiriú. I gcás ionstraimí atá á t(h)ionlacan ag dalta eile, féadann duine amháin nó an bheirt acu tairiscint a dhéanamh faoi chatagóir 3 (Gnáthleibhéal amháin) nó faoi chatagóir 7 (Ardleibhéal).

CUR CHUIGE:	Rangbhunaithe, Scoilbhunaithe nó Sealbhaithe go príobháideach	LEIBHÉAL: Gnáthleibhéal amháin

(4) SEINM AONAIR AR UIRLISÍ CLASAICEACHA ATÁ FAOFA

Ní mór do na daltaí seo cloí leis an chlár a thugtar ar leathanaigh 7 agus 30 ar lean, (IARSCRÍBHINN C), den siollabas. Ní cheadófar aon dréacht ionaid do na dréachtaí atá liostáilte.

Tabharfar triail amharcléimh chomh maith. Ní bheidh aon triail chluaschuimhne ar fáil sa chatagóir seo. I gcás ionstraimithe clasaiceacha ar mian leo clár ceoil dá rogha féin a sheinm, ag ceachtar acu Gnáthleibhéal nó Ardleibhéal, féadann siad tairiscint a dhéanamh faoi chatagóir 7.

CUR CHUIGE: Scoilbhunaithe nó Sealbhaithe go príobháideach LEIBHÉIL: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

(5) SEINM AR UIRLISÍ TRAIDISIÚNTA NA hÉIREANN

Tugtar riachtanais bheachta an chatagóra seo ar leathanaigh 59 ar lean (IARSCRÍBHINN D) den siollabas. Ní sainordaitheach iad na liostaí a thugtar faoi IARSCRÍBHINN D. Féadann daltaí ábhar oiriúnach eile a roghnú más mian leo. Tá na dréachtaí liostáilte ar fáil go furasta agus léiríonn siad leibhéal cuí deacrachta don aoisghrúpa.

CUR CHUIGE: Rangbhunaithe, Scoilbhunaithe nó Sealbhaithe go príobháideach LEIBHÉIL: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

(6) TOBCHUMADH AR ROGHA UIRLISE NÓ GUTHA

De réir sainmhínithe, ba chóir go mbeadh an catagóir seo ar an cheann is lú atá curtha ar bhonn foirmeálta as measc na scileanna léirithe ar fad.
Níl aon stíl ná leagan ceoil ar leith i gceist leis agus ní féidir saintreoir ná dréachtaí dualgais a leagan síos ina leith. Ní féidir ach treoirlínte an-ghinearálta a thabhairt, m.sh. liostáiltear na haicmí tobchumadóireachta éagsúla (séiseach, rithimeach, armónach nó aon teaglaim de na trí cinn seo (Féach leathanach 69 den siollabas.) Léireoidh daltaí na tobchumadóireachtaí ullmhaithe acu. Tabharfar roinnt ama dóibh ina dhiaidh sin le tubchumadóireacht a réalú. Beidh an tobchumadóireacht neamhullmaithe ar aon chaighdeán maidir le stíl agus céim deacrachta le ceann amháin de na cinn atá curtha i láthair acu cheana.

CUR CHUIGE: Rangbhunaithe nó LEIBHÉIL: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Sealbhaithe go príobháideach

Is féidir go mbeidh na bealaí seo a leanas ina gcuidiú chun cineálacha de ghníomhaíochtaí tobchumadóireachta cuí a léiriú.

SÉISEACH: Séiseanna seanaitheanta a sheinm ó chluas, míreanna séiseacha rialta a thubchumadh le leanúint ó oscailtí a thugtar, foinn atá ann cheana a mhaisiú;

RITHIMEACH: Luachanna nótaí fada a ionadú le nótaí athdhéanta dar fad níos giorra, ostinato rithimeach a thobchumadh d'fhonn seanaitheanta;

ARMÓNACH: Cordaí tionlacain le foinn sheanaitheanta a tobhchumadh, dúnta a thobchumadh, líne thionlacain aonair nó forshéis a thobchumadh d'fhoinn sheanaitheanta, malairt mhór/mhion a thobchumadh d'fhonn seanaitheanta;

TEAGLAIM: Rifeanna/ostinatos armónacha a tobchumadh d'fhoinn sheanaitheanta, mír shéiseach a thobchumadh thar sheicheamh cordaí, armóin a chur le tobchumadóireacht shéiseach, an rithim atá ag rif armónach a threisiú

(7) SCILEANNA SEANMA NEAMHSHONRAITHE EILE

Riarann Catagóir 7 ar dhaltaí sa chás nach gcuireann aon cheann eile de na catagóirí síos go cuí ar an méid atá ar intinn ag iarrthóir a thairiscint nó an leibhéal atá le tairiscint. Áirítear mar shampla léirithe clasaiceacha seachas iad siúd a dhéantar a thairiscint faoi chatagóir 4, ceol eitneach seachas ceol na hÉireann, ceol ensemble ag Ardleibhéal srl.

CUR CHUIGE: Rangbhunaithe, Scoilbhunaithe nó Sealbhaithe go príobháideach

LEIBHÉIL: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

2.3 Eolas Breise ar Chur i Láthair Scileanna Casaidh

Minic go leor, is é cluas-tarchur an modh roghnaithe le ceol a fhoghlaim. Is fíor seo go háirithe i gcás amhrán tíre, léirithe traidisiúnta agus cuid mhaith den obair a bhaineann le cóir amaitéaracha agus ceol atá i mbéal an phobail. Mar aitheantas air seo, i gcás daltaí atá ag tairiscint faoi gach catagóir léirithe, seachas catagóir 4, is féidir leo roghnú le triail chluaschuimhne seachas triail amharcléimh a dhéanamh.

Socraíodh ar dhá chúis gan scálaí agus arpeggio a chur isteach in aon chatagóir léirithe. Ar an chéad dul síos, is gnách, den chuid is mó, nach mbíonn aon ghá le scileanna dá leithéidí, agus go háirithe más amhránaíocht, ceol traidisiúnta agus léiriú seánraí atá i mbéal an phobail atá i gceist. Ar an dara dul síos, an áit a raibh gá leo san am atá caite, ba shlat tomhais a n-éifeachtach ar smacht teicniúil an dalta ar an mheán léirithe. Toisc go ndéanfar an scil seo a mheasúnú chomh maith i gcomhthéacs chumas an dalta dréachtaí dar céim deacrachta ar leith a léiriú, dúbáilt chuspóra a bheadh ann deimhniú ar leithligh a dhéanamh ar an fhíric seo trí mheasúnú neamhspleách a dhéanamh ar scálaí agus ar chleachtaí teicniúla.

Ba chóir tionlacaí a bheith ar fáil i gcónaí mar a mbíonn tionlacan ann de ghnáth nó má bhíonn a leithéid riachtanach do réalú ceart an cheoil atá á léiriú m.sh. ba chóir cóiriú ceoil de cheol tíre a chur i láthair le tionlacan, ba chóir léirithe traidisiúnta aonair de cheol tíre a chur i láthair gan tionlacan I gcás seánraí ceoil atá i mbéal an phobail agus atá á dtairiscint ag daoine aonair ba chóir tionlacan dóthánach a bheith ann leis an armóin agus an rithim a choimeád, sin le rá le méarchlár nó giotár. I roinnt mhaith cásanna, féadann an t-aonréadaí agus an tionlacaí araon tairiscint go comhuaineach don scrúdú.

I ngach cás, ba chóir ceol codarsnach a chur i láthair. Is féidir codarsnacht a bhaint amach trí dhréachtaí/amhráin dar luasanna agus mothú difriúa a roghnú, nó trí cheol i stíleanna difriúla a léiriú m.sh. tá codarsnacht bhreá idir cóiriú d'amhrán tíre agus amhrán sna

stíleanna clasaiceacha nó atá i mbéal an phobail. Tá codarsnacht mhaith chomh maith idir dréachtaí a cumadh le linn tréimhsí staire éagsúla.

3. SCILEANNA CUMADÓIREACHTA

Ní bhíonn cumadóireacht - nuair a chruthaítear ceol úrnua - sa dúchas go hiomlán ag aon duine. Tagann éirim le cleachtadh grádaithe. Má dhéantar na roghanna ceoil a theorannú, mar shampla, is fearr is féidir leis an dalta foghlaim níos éifeachtaí. Is próiseas é an meán ceoil a smachtú trí chinneadh ceoil agus eagrú fiúntach, samhlaíoch a dhéanamh agus is féidir go dtagann cumadóir chun cinn dá bharr. Ach tá tábhacht níos leithne ná sin ag baint le cumadóireacht. Tá daltaí in ann a aithint cad é atá le sonrú i gceol daoine eile nuair a ghlacann siad páirt sa phróiseas. Cuireann sé lena dtuiscint agus lena dtaithí ar an cheol féin agus éiríonn siad níos mothálaí de réir mar a bhíonn a scileanna éisteachta agus seinnte á bhforbairt. Cabhraíonn cumadóireacht le daltaí a fháil amach conas a dhéantar cinníocha ceoil, mar shampla, cinníocha faoi thonúlacht, rithim, cuar séiseach, réimniú armónach, ionstramaíocht srl. Bíonn toradh ceolmhar ar chinníocha maithe.

3.1 Roinnt Cur Chuige

Tá nodaireacht cheoil ar cheann de na bealaí is éifeachtaí chun ceol a sheachadadh. Scríobhann an cumadóir nótaí, léann an seinnteoir iad agus freagraíonn an t-éisteoir liteartha dóibh go grinn. Don chumadóir-seinnteoir-éisteoir sa seomra ranga, tá buntuiscint ag teastáil ar an nasc idir fuaim agus siombal. Bíonn eolas bunúsach de dhíth ar an dalta ar bhunoibriú na nodaireachta. Tá cumadóireacht ar an láthair agus snagcheol, ar ndóigh, ag brath níos mó ar scileanna cloiste. Mar sin de, sa chumadóireacht, déanann an múinteoir seiftiúil idir mhodhanna cloiste agus amhairc a fhorbairt.

Tá na riachtanais nodaireachta don chumadóireacht ar fáil sa siollabas (lch 10).

I mbeagán focal, tá buneolas de dhíth ar dhaltaí ar:

- An tribilchliath
- Na hidirchéimeanna diatonacha coitianta
- Na luachanna do na nótaí leathlán go camán,
- Na hamchomharthaí coitianta agus
- Na mórghléasanna suas go dtí dhá ghéar agus dhá mhaol

Is féidir dhá chur chuige a úsáid chun scileanna cumadóireachta a shealbhú. Ar an chéad dul síos, comhdhéanamh séiseanna, réimniú ó chorda go corda, dúnadh srl. mar chleachtaí faoi leith. Nó an cur chuige iomlánaithe mar a chleachtann an dalta na scileanna cumadóireachta agus píosa saorchumadóireachta á chruthú aige. Is rogha oiriúnach é sin do roinnt daltaí Ardleibhéil. Bhainfeadh formhór na ndaltaí san aoisghrúpa seo tairbhe as eolas a chur ar réimniú séise, tríchórdaí agus cordaí, neamhspleách ar a chéile.

3.2 Séis a Scríobh

Tá sé riachtanach faoin siollabas gur chóir do dhaltaí scríobh séise a chleachtadh sna múnlaí clasaiceacha, traidisiúnta agus sna múnlaí atá i mbéal an phobail. Ceadófar do dhaltaí, áfach, trí dhóigh chun an scil seo a chleachtadh. Soláthraíonn an chéad chur chuige (a) bunchreatlach chun an dá cheann eile a shealbhú. Mar a tharlaíonn le gach cineál ceolfhoghlama, tá an modh is fearr chun cinníocha fuaime a dhaingniú in obair den chineál seo le fáil sna samplaí ón stór ceoil.

(a) Míreanna cóirithe do rithimí faoi leith agus/nó méadair nó téacsanna.

Tá réamhullmhúchán ag teastáil don chur chuige seo a chuireann eolas ar bhunchor rithimeach agus cothroime, nótaí deiridh agus a saintréithe rithime agus séiseacha, patrún rithimeach focal, comhrian séise srl.

(b) Míreanna bunaithe ar bhlúirí séiseacha faoi leith.

Is é sin an nós a chleachtadh anailísiú a dhéanamh ar an bhlúire faoi leith agus an t-eolas sin a úsáid chun a shocrú cén ceol a chur leis a rachadh go maith leis an bhlúire faoi leith. Ba chóir éisteacht le fíorshamplaí ceoil i gcónaí agus iad a phlé agus a sheinnm.

Is cur chuige níos dúshlánaí é seo ó thaobh an cheoil de.

(c) Míreanna freagracha d’oscailt faoi leith.

Ba chóir go raibh cothroime idir an mhír fhreagrach agus an ceann a thugtar. Ba chóir an líon céanna barraí bheith ann agus cothroime bheith ann sna saintréithe rithime agus/nó séiseacha. Soláthraíonn míreanna freagracha clabhsúr éigin don mhír thosaigh .i. críochnaíonn siad de ghnáth le dúnadh foirfe. Tá an iliomad samplaí sa stór amhrán.

Cabhraíonn straitéis mhaith le múinteoir a oibriú amach cén tallann atá ag dalta agus cuidíonn leo siúd atá níos éirimiúla a gcuid scileanna a fhorbairt níos mó. Is fearr a oibríonn straitéis atá srathaitheach le formhór na ndaltaí, is cuma cén cur chuige a úsáidtear i scríobh séise.

Seo a leanas plean oibre srathaitheach i scríobh séise.

RITHIM

Patrún rithimeach focal: siollaí aiceanta agus neamhaiceanta i rithim an téacs; rithim focal a nótáil agus an toradh a chur i gcomparáid le saothar an chumadóra; réitigh mhéadracha éagsúla a fhorbairt trí rithim an téacs a athrú.

Stressed and unstressed syllables



Example in $\frac{3}{4}$ time



Example in $\frac{4}{4}$ time



A composer's solution (adapted from a responsorial psalm by S. Mac Liam)



Cuireann úsáid rithimí poncaithe (.i. croisín poncaithe agus camán in áit dhá chroisín) tuilleadh béime ar an cheol go mbíonn sé cosúil le rince.



Tréithe rithimeacha ag pointí sosa a thabhairt faoi deara; nótaí deiridh tréanbhuillí a thabhairt faoi deara agus nodaireacht a dhéanamh orthu.

Ag éisteacht le samplaí de chothroime cheoil; ceol a chleachtadh trí chumadóireacht ar an láthair, ceol a chaitheann solas ar chothroime rithimeach; nodaireacht a dhéanamh ar rithimí i míreanna cothroime.

TUINAIRDE

- Patrúin dúntacha in amhráin a thabhairt faoi deara agus ag éisteacht le ceol; nodaireacht a dhéanamh ar nótaí deiridh éagsúla ag pointí sosa.

- Ag éisteacht le móitífeanna bunaithe ar thríchordaí agus a seinm; ag cur móitífeanna bunaithe ar thríchordaí thar phatrúin rithimeacha agus a gcleachtadh.

- Ag éisteacht leis na tionchair éagsúla a bhíonn ag gluaiseacht chéime agus léime. Gluaiseacht chéimneach a chleachtadh in éineacht le léimeanna tríchordaí, patrúin dúnta agus tuinairde a chóiriú do rithimí faoi leith.

- Ag éisteacht le seichimh shéiseacha i litríocht an cheoil agus a gcleachtadh, mar shampla, na hamhráin <u>All Through the Night</u> (amhrán Breathnach de chuid na ndaoine), <u>Its Now or Never</u> (Elvis Presley),

O Solo Mio (amhrán Napóileach), Caro Mio Ben (Giordani) agus an ceol Evening Prayer agus The Dancing Song ó Hansel and Gretel (Humperdinck), an fonn La donna è mobile ó Rigoletto srl. Seichimh ghearra shéiseacha a chumadh agus nodaireacht a dhéanamh orthu.

Ag éisteacht le míreanna ceoil a thaispeánann buaicphointe cheoil agus a gceachtadh, mar shampla, ag an tús (na míreanna tosaigh de Caro Mio Ben, O Solo Mio), sa lár (an mhír láir de All Through the Night agus an mhír thosaigh de Avenging and Bright), nó ag an deireadh (sa mhír thosaigh do My Father's Garden agus Michael, Row the Boat Ashore). Séiseanna a chumadh agus aird a leagan ar bhuaicphointe éigin.

3.3 Tríchordaí

Mar bhunintreoir an-ghinearálta d'armóin, beidh ar gach dalta tríchordaí móra agus miona a aithint. Táthar ag súil leis go mbeadh siad in ann tríchordaí móra agus miona a mholadh ag pointí soiléire faoi leith in amhrán faoi leith.

Chun cloí le cur chuige iomlánaithe an tsiollabais, ba chóir daltaí a spreagadh chun aird a thabhairt ar chordaí imlíne agus iad ag canadh, ag seinnm agus ag éisteacht le ceol.

Tá samplaí soiléire sna liostaí seo a leanas.
TRÍCHORDAÍ MÓRA He's Got the Whole World in his Hands, Michael, Row the Boat Ashore, Kum Ba Yah, Sacramento, Mozart's Desire for Spring, Mozart's Eine Kleine Nachtmusik (oscailt agus gluaiseachtaí deiridh), Beethoven's Pastoral Symphony (finale), Válsa Strauss The Blue Danube, The Harvest Home (cornphíopa Éireannach).

TRÍCHORDAÍ MIONA:

Don Oiche Úd i mBeithil,

Cé a Chuirfidh Tú Liom?,

An Spéic Seoigheach,

What Shall We Do with the Drunken Sailor?,

Zum Gali Gali,

The Wraggle Taggle Gypsies,

Coinséartó Pianó Uimhir 3 sa mhionghléas C le Beethoven (gluaiseacht thosaigh),

Téadcheathairéad sa mhionghléas A le Schubert' (gluaiseacht thosaigh),

Dréacht pianó Schumann The Wild Horsemen

(ón albam Album for the Young),

Saranáid sa mhionghléas C le Mozart (an chéad ghluaiseacht agus an ceann deiridh).

Níos moille, ba chóir daltaí a spreagadh chun aird a thabhairt ar na cordaí dó agus lá ó amharc agus ó chluas.

Carúl Meiriceánach de chuid na ndaoine



Christ was born in Bethlehem, In a lowly stable lay,

Born to save the souls of men, Peace on earth this Christmas day.

Ba chóir go dtiocfadh go nádúrtha as an chur chuige seo úsáid na gcordaí móra agus miona imlíne sa chumadóireacht agus i gcumadóireacht séiseanna ar an láthair agus go mbeadh daltaí ar an eolas freisin faoi na héifeachtaí éagsúla a thagann astu araon.

3.4 Réimniú ó chorda go corda [Ardleibhéal Amháin]

Is féidir an scil seo a chur i láthair i gceann amháin de thrí bhealach.

(a) móitífeanna simplí séiseacha agus/nó doird a chruthú chun a n-úsáid le haghaidh patrúin dúnta.

Tá buneolas de dhíth ar dhaltaí a roghnaíonn an rogha seo ar dhoird tribile agus tribilchliatha.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAOLMHARA CEOIL

- Samplaí comhchosúla, san amhránaíocht agus san éisteacht ghinearálta, a aimsiú;
- Patrúin séiseacha trí nóta i ngach ceann de na ceithre dhúnadh diatonacha a sheinnm;
- Patrúin séiseacha faoi leith a dheachtú chun a n-úsáid le haghaidh dúnta;
- Nótaí deiridh coitianta a cheangal le dordnótaí comhoiriúnacha agus a mhalairt go cruinn.



(b) Na gnáthréimnithe dúnta agus a réamhchordaí don mhéarchlár nó i scór gearr gutha a armónú.

Tá buneolas de dhíth freisin faoin rogha seo ar dhoird tribile agus tribilchliatha araon.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAOLMHARA CEOIL

- Na cordaí a úsáidtear sna dúnta éagsúla a aithint ó chluais agus a ainmniú;
- Réamhchordaí a chumadh/a chumadh ar an láthair;
- Leagan ceithrechodach a chumadh ar an láthair do chóir SATB nó don mhéarchlár;
- Dúnta a dheachtú .i. an patrún séiseach, dordphatrún, nodaireacht a dhéanamh ar chórdaí a úsáidtear agus leagan amach oiriúnach cordaí a scríobh amach;

- Dúnta a chumadh agus a aithint gan chúnamh;

Don chór S.A.T.B



IV I

Don mhéarchlár

IV I

(c) "Cordaí nua taca" a chumadh do cheol inaitheanta agus leagan amach simplí cordaí nó nodaireacht thaibléadach don ghiotár in úsáid.

Tá an rogha seo san áireamh cionn is go léiríonn sé éirim i réimniú ó chorda go corda a fuarthas le taithí agus is iomaí dalta a fhoghlaimíonn na scileanna trí éisteacht le hamhráin atá i mbéal na ndaoine.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAOLMHARA CEOIL

- Samplaí de cheol atá i mbéal na ndaoine a sheinnm a léiríonn úsáid na gcordaí I, IV agus V ar bhonn rialta, mar shampla, na hamhráin mhóra Clementine, He's Got the Whole World in His Hands, Silent Night, Michael, Row the Boat Ashore, an chéad chuid de Greensleeves srl.;

- Ag éisteacht le téamaí ceoil atá i mbéal na ndaoine agus eolach ar na himpleachtaí armónacha mar shampla, na príomhthéamaí The Moldau le Smetana, oscailt Largo le Handel, an t-amhrán Hey Jude leis na Beatles srl.;

- Ag éisteacht le patrúin dhá bharr déag i ngormacha agus in ostinatos agus rifeanna armónacha eile agus a chumadh ar an láthair;

- Bheith eolach, maidir le foinn mhóra i mbeal na ndaoine, faoin difear idir nótaí riachtanacha armónacha agus nótaí neamhriachtanacha i bpleanáil cordaí "taca";

- Patrúin simplí dúnta i bhfoinn mhóra a aithint.
  Is féidir le daltaí, más mian leo, tuilleadh ardarmóine a úsáid thar mar a theastaíonn ar leathanach 10 den siollabas.

3.5 Saorchumadóireacht Roghnach [Ardleibhéal Amháin]

Is ionann an rogha seo agus scríobh séise, tríchordaí agus réimniú ó chorda go corda. Is ionann sin is a rá go ndéantar scrúdú ar na trí scil chumadóireachta seo go comhuaineach faoin rogha aonair seo.

Léiríonn an dá shampla a leanas (ceol a chóiriú do théacs faoi leith) éagsúlacht stíle agus cur chuige agus leibhéal na deacrachta atá riachtanach. Cé gur gnáthnodaireacht cheoil a úsáidtear iontu, ceadaítear cleachtais eile nodaireachta agus cur chuige agus stíleanna eile cumadóireachta faoin rogha seo.

SAMPLA a hAON

Téacs tugtha: "Sad is my heart; lonely are my thoughts;
Long are the nights when the sun goes down."

Solution (1)



Taispeánann Réiteach (1) gur féidir riachtanais uilig an rogha seo a chomhlíonadh agus gan agat ach buneolas ar an tribilchliath. Tá cuar maith séiseach ag an dréacht seo chomh maith le contrárthachtaí maithe rithime agus deireadh loighiciúil. Tá aird ar oiriúnacht na tonúlachta (.i. úsáid na gcordaí móra agus miona) agus rinneadh cinníocha soiléire ceoil maidir le roghnú na gcordaí taca.

Réiteach (2)

Díséad uirlise a léiríonn téacs tugtha

Sad Is My Heart

(le haghaidh Uirlisí déshéiseacha)

Go mall

Cumadh Réiteach (2) i stíl shimplí chlasaiceach agus tá sé ag teacht go ceolmhar le mothú na bhfocal a léiríonn sé. Tá sé beacht go gramatúil, tá cuar maith séiseach ann le sosa maithe dúnta. Tá na harmóin ann ag brath go príomha ar thréacha ach tá roinnt pointí ann ina léirítear go bhfuil an dara cuid neamhspleách ó thaobh rithime agus tuinairde de. Baintear úsáid chuí as comharthaí. Tá an phríomhpháirt agus an pháirt tionlacain comhsheasmhach agus comhlántach ó thaobh an cheoil de.

SAMPLA a DÓ

Téacs tugtha: " Dancing the night away, away,
U-la-la, u-la-la, u-la-la-lay;
Waiting for break of day, of day,
U-la-la, u-la-la, u-la-la-lay."

Réiteach (1)



Tá Réiteach a Dó comhlántach ó thaobh rithime de agus léiríonn mothú rince i stíl válsa. Tá an tséis loighiciúil agus bunaithe ar thríchorda. Tá rogha na mórthonúlachta oiriúnach agus tá an réimniú ó chorda go corda agus na dúnta cruinn. Tá fianaise ann go ndearnadh cinníocha ceoil tríd síos.

Réiteach (2)

Dréacht uirlise a léiríonn téacs tugtha
Dancing the Night Away



Alternative Bass Rhythms:



Tá fonn portaireachta ag Réiteach (2) le taca cuí doird agus armónach. Tugtar dordrithimí malartacha chun éagsúlacht a sholáthar sa bheocht rithimeach. Tá an tséis loighiciúil agus bunaithe ar thríchorda. Léiríonn réimniú ó chorda go corda úsáid na gcordaí simplí I, IV agus V mar a bhíonn ar fáil i gceol i mbéal na ndaoine.

4. SCILEANNA ÉISTEACHTA

- Éisteacht Faoi Threoir (lch.33)

  Sult, tairbhe, cluas-idirdhealú

- Éisteacht a bhfuil cuspóir léi le Ceol Taifeadta (lch.33)

  Braistint agus aithint

  Scileanna; Rannpháirtíocht Daltaí;

  Samplaí de thréithe ceoil

- Scileanna Éisteachta Ginearálta (lch.36)

  Cur chuige le haghaidh tréithe ceoil

  Ceol - a chiall a chur in iúl

  Féinfhollasú - a thábhacht do dhaltaí

  Taifead an cheoil a ndearnadh staidéar air; samplaí de leagan amach

  Achoimre riachtanas

- Amhráin /Saothair dhualgais agus Amhráin /Saothair roghnacha (lch.40)

  Trí shraith - A, B, C

  Staidéar a dhéanamh ar cheol faoi leith agus roghnach

  Míreanna roghnacha - buntáistí

  Riachtanais an tSiollabais - 20 amhrán, 9 saothar

  Amhráin/Saothair roghnacha - liostaí catagóra i siollabais/foinsí eile

  Amhráin dhualgais/Saothair - a n-úsáid mar ábhar roghnach

  Eolas cúlra

- Staidéar Ginearálta Roghnach (lch.41)

  Riachtanais

  Cur chuige - eagrú, cur i láthair

  Topaicí thar an gcoitiantacht; eolas ginearálta

  Comhtháthú gníomhaíochtaí

Pleananna - ceol meánaoiseach, Rac

- Ceol na hÉireann (lch.44)

  Foghlaim ó thaithí

  Gnéithe den seinnm agus d'uirlisí ceoil - ársa agus nua-aoiseach

- Litearthacht Cheoil agus Cluasbhraistint (p.44)

  Fuaim agus siombal

  Leibhéalacha deacrachta - seinnm, cumadóireacht

4. SCILEANNA ÉISTEACHTA

Tá an éisteacht lárnach i ngach gníomhaíocht cheoil. Úsáideann daltaí a gcuid scileanna éisteachta freisin i gcásanna éagsúla ceoil agus ní amháin agus iad ag éisteacht le ceol taifeadta nó beo, mar shampla, nuair a bhíonn siad ag seinnm agus ag cumadóireacht. Tá bundifear, áfach, idir an éisteacht faoi threoir agus an cineál éisteachta atá faoi chaibildil anseo. Cabhraíonn an éisteacht faoi threoir agus a bhfuil cuspóir léi- ag éisteacht le rud faoi leith - cabhraíonn sin le daltaí sult a bhaint as ar bhonn feasach agus tairbhe a bhaint as ar leibhéal an cheoil agus idirdhealú a dhéanamh ó chluais.

4.1 Éisteacht a bhfuil cuspóir léi le Ceol Taifeadta

Leagann an siollabas nua béim ar an éisteacht a bhfuil cuspóir léi, na treochtaí coitianta a bhraistint agus na fíorthréithe ceoil a aithint seachas eolas a chur ar stair an cheoil, na tréimhsí ceoil agus na cumadóirí.

GLACTAR LEIS LE hÉISTEACHT A BHFUIL CUSPÓIR LÉI GO BHFUIL AN RÉIMSE SCILEANNA A LEANAS AR CHUMAS DALTAÍ:

(1) a aimsiú (.i. aird a thabhairt ar) cad é leis a bhfuiltear ag éisteacht;

(2) cur síos ar réimse tréithe éagsúla ceoil agus a n-aithint;

(3) na gnéithe seo a anailísiú agus a chur i gcomparáid;

(4) breithiúnais a thabhairt (.i. ag léirmhíniú agus ag measúnú) faoin cheol de réir na taithí a fuarthas go dtí sin.

Ar an chéad dul síos, beidh treoir ag teastáil ó dhaltaí chun go mbeidh siad in ann na ceithre scil a shealbhú. Tá rannpháirtíocht ghníomhach na ndaltaí riachtanach chun scileanna éisteachta a oireann do gach múnla ceoil a fhoghlaim agus a chleachtadh le tuiscint agus ciall. Is fearr scileanna (1) agus (2) a shealbhú trí aird a dhíriú ar thréithe ceoil faoi leith. Má thugann daltaí faoi sheicliosta dá gcuid tuairimí a líonadh isteach, tá a n-aird dírithe lomláithreach ar an cheol féin agus cuidíonn sé leo tréithe ginearálta ceoil a aithint. Cabhróidh plé faoi stiúir, a thugann eolas gaolmhar agus a thagraíonn do chomparáidí ceoil, le scileanna éisteachta (3) agus (4) a fhorbairt.

Tabhair d'aire ar an réimniú a leanas mar a bhaineann sé le Farandole a bhfuil clú agus cáil air ó L'Arlesienne Suite No.2 de chuid Bizet.

Tréithe ceoil: Le fáil amach agus le h-aithint ag daltaí mar fhreagairt do gach cuid den cheol.

CAD IAD NA FOCAIL IS FEARR A CHUIREANN SÍOS AR AN CHEOL?			
MOTHÚ:	go sona	go brónach	go feargach
	Le fuinneamh	le cinnteacht	go míshocair
LUAS:	go mall	go tapa	luas measartha
TEMPO:	Máirseáil	Válsa	Port
DINIMIC:	Bog	Measartha glórach	Iontach glórach
MODH			
SEINNTE	Banna míleata	Banna Damhsa	
	Ceolfhoireann shiansach	Grúpa gaothuirlise	
MÉADAR:	Débhuilleach	Triarach	
RITHIM	i bhfoirm rince	fadmharthanach	Mín le
		Nótaí malla	luachanna comhchosúla nótaí
SEÁNRA/STÍL	Popcheol	Ceol clasaiceach	Ceol na nDaoine/Eitneach
TONÚLACHT:	Mór	Mion	
SUÍOMH NA SÉISE register	Ard	sa Lár	sa dord
GLUAISEACHT SHÉISEACH chéime agus léime	le céim	le léim	Gluaiseacht mheasctha
UIGEACHT	Saibhir sna nótaí	Gann sna nótaí	

Tréithe ceoil: Le haithint le cuidiú ó mhúinteoir trí phlé agus eolas a thabhairt.

MOTHÚ: Le cinnteacht (chéad chuid) ar nós rince (dara cuid)

LUAS/TEMPO: Ar nós máirseála (chéad chuid) Allegro vivo (second part)

DINIMIC: ff pppp agus crescendo ffff
(chéad chuid) (dara cuid) (deireadh)

INSTRAIMIÚ Seinneann an cheolfhoireann iomlán an mháirseáil.
Déantar an fonn damhsa a thionlacan i gcónaí ar an tambóirín.

AMCHOMHARTHA **4/4** **2/4**
(chéad chuid) (dara cuid)

RITHIM: Tá luachanna nótaí poncaithe sa mháirseáil a leagann níos mó béime ar an rithim. Tá mothú mar a bheadh ag farandole ag an fhonn.

SEÁNRA: Gluaiseacht ó shraith chlasaiceach cheolfhoirne.

TONÚLACHT: Máirseáil i mionghléas;
Farandole i mórghléas;
Canóin i mórghléas

SÉIS: Tá an fonn máirseála bunaithe ar fhonn eile. Is carúl Nollag de chuid na Fraince é ó cheantar Provence.
Is fonn nuachumtha é an fonn damhsa Farandole a bhfuil dhá chuid ann. Tabhair d'aire an oiread sin gluaiseachtaí céim ar chéim san fhonn.

UIGEACHT: Aonséiseach den chuid is mó. Cuirtear an fonn máirseála i láthair mar chanóin freisin • Agus an fonn ag teacht chun críche, déantar an mháirseáil agus an fonn damhsa a nascadh i gcuntraphointe.

GINEARÁLTA EILE: Eolas cúlra faoin cheol agus an cumadóir
EOLAS is féidir a chur san áireamh chun tacaíocht a thabhairt agus breis suime a spreagadh don éisteacht.

Níltear ag súil go mbeidh focail teicniúla mar dinimic, tonúlacht agus uigeacht mar chuid d'fhoclóireacht thuairisciúil cheoil daltaí ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh. Is le haghaidh múinteoirí amháin a úsáidtear anseo iad. [Is féidir focail neamhtheicniúla thuairisciúla a úsáid más fearr a oireann a leithéid.]

Léiríonn taithí go mbíonn riachtanais agus roghanna ceoil daoine óga á n-athrú de shíor de réir mar a théann siad i dtaithí ar cheol nua. Tarlaíonn athruithe dá mhacasamhail freisin nuair a théann siad i dtaithí ar cheol ó chultúir éagsúla. Cabhraíonn cuspóirí agus an t-ábhar a bhfuil i Siollabas Ceoil an Teastais Shóisearaigh le ceol níos leithne a chur ar fáil a oireann do chúrsaí oideachasúla. Cuirtear san áireamh na hathruithe a thagann ar an spéis i múnlaí éagsúla ceoil le himeacht aimsire a oiread agus is féidir. Is é forbairt na scileanna éisteachta is tábhachtaí agus ní gá go mbíonn sé sin ag brath ar chineál amháin ceoil thar cinn eile. Is é is tábhachtaí daltaí a spreagadh chun cúiseanna aitheanta réasúnta bheith acu a mhíneodh cén fáth a mbeadh suim acu ina leithéid de cheol agus a bheith oscailte do gach múnla ceoil ní amháin an ceann is fearr leo féin.

4.2 Scileanna Éisteachta Ginearálta

Leagann an siollabas nua béim faoi leith ar léargais ghinearálta agus ar an tuiscint ar thréithe ceoil beag beann ar stíl agus seánra ceoil. Is é an cur chuige seo is fearr a oireann do dhaltaí an Teastais Shóisearaigh. Ní gá go mbeadh aon chur amach ar thuiscint ar stíl stairiúil; agus ní choscann sé sin ach oiread. Agus scóip an tsiollabais á leathnú, tá an pheirspictíocht stairiúil rótheoranta agus ní i gcónaí a oireann sé sin do staidéar ar roinnt seánraí ceoil. Is fearr tosnú le taithí a fháil ar chur síos a dhéanamh ar thréithe ginearálta ceoil agus a dtabhairt faoi deara chun bheith in ann stíl cheoil a thuiscint ina comhthéacs stairiúil lá níos faide anonn.

Ní labhraíonn ceol le haon bhéal amháin agus ní dhéanann cumarsáid chomh soiléir agus a dhéanann an teanga labhartha. Ach chun a chiall a thuiscint, ní mór a thréithe agus a dtionchair ar an teanga labhartha a chur in iúl. Ba chóir go ndéanfadh roinn na scileanna éisteachta ginearálta deis a sholáthar do dhaltaí an scil seo a chleachtadh ar bhealach diongbháilte agus éirimiúil.

Ní cóir gur seisiúin iad na seisiúin éisteachta ginearálta chun eolas a scaipeadh agus ina míníonn an múinteoir ciall an cheoil agus na gnéithe stíle a bhaineann léi. Ba chóir, ar an chéad dul síos, go mbeadh deis ag daltaí teacht ar léargas dá gcuid féin faoina gcluineann siad agus cur síos a dhéanamh air taobh istigh dá dtuiscint féin. Ba chóir, áfach, go mbeadh na deiseanna sin faoi stiúir ag an mhúinteoir dá mba mhian dul chun cinn fiúntach a dhéanamh.

Ba chóir do dhaltaí gach píosa ceoil a ndéanann siad staidéar air a bhreacadh síos ar an dóigh seo. Ní foláir gach a n-aimsíonn daltaí agus na freagairtí luatha acu don cheol, chomh maith leis an eolas a thugann an múinteoir, a bhreacadh síos. Sa luath-thréimhse thar na trí bliana den staidéar don Teastas Sóisearach, ba chóir daltaí a spreagadh chun níos mó miontuairimí ceoil a bhreacadh síos. Beidh siad sin mar bhunchloch chun comparáidí ceoil a dhéanamh agus na treochtaí coitianta a aireachtáil de réir mar a fhaigheann an dalta taithí ar an éisteacht. Seo a leanas sampla tipiciúil de thaifead:
Coinséartó Brandenburg Uimh.5 le Bach sa mhórghléas D - an Dara Gluaiseacht

TAIFEAD TIPICIÚIL ÉISTEACHTA DALTA

MOTHÚ: Bog agus reiligiúnach sa mhothú; affettuoso.

TEMPO: Mall.

DINIMIC : Forte den chuid is mó.

UIRLISÍ: Fliúit, veidhlín agus cruitchlár.

RITHIM: Rithimí boga; ní go bríomhar

SÉIS: Iontach séiseach.

ARMÓIN: Mionghléas agus armóiní.

FOIRM: Saorfhoirm cé go bhfuil roinnt móitífeanna séiseacha athdhéanta le choisteáil.

TRÉITHE EILE: Cuntraphointeach; a lán uigeachta sa cheol aithrise aireagail; tríréad

AN PRÍOMHFHONN:



Ceol téama don scannán The Big Country le Jerome Moross

TAIFEAD TIPICIÚIL ÉISTEACHTA DALTA

MOTHÚ:	Eisdíritheach agus go háthasach.
TEMPO:	Measartha gasta; moderato.
DINIMIC:	Iontach glórach go háirithe ag an tús.
UIRLISÍ:	Gleadhradh práis á thionlacan ag téada guairneánacha agus príomhfhonn ina dhiaidh á sheinm ag ceolfhoireann iomlán.
RITHIM:	Rithimí an-láidre le roinnt sioncóipithe.
SÉIS:	Tá oscailt an phríomhfhoinn bunaithe ar an chorda dó.
ARMÓIN:	Mórghléas den chuid is mó; armóiní an-saibhre
FOIRM:	Dhá phríomhchuid, gleadhradh (A) agus príomhfhonn (B) á seinm san ord A B A B Coda.
TRÉITHE EILE:	Fuaim cheolfhoireann iomlán; tutti den chuid is mó.

AN PRÍOMHFHONN:



Achroimre ar na riachtanais éisteachta:

- Aird a dhíriú ar chuspóirí an chumadóra agus a dtabhairt faoi deara .i. tréithe mothúthánacha an cheoil, mothú, luas, dinimic agus comharthaí léirmhínitheacha eile.
- Cur síos a dhéanamh ar thréithe struchtúrtha simplí séiseacha, rithimeacha, armónacha agus uigeacha sa cheol agus a n-aithint chomh maith le sainaithint ghutha agus /nó uirlise.

- Comhchosúlachtaí agus difríochtaí i dtréithe ceoil saothar den chineál chéanna (nó míreanna ó shaothair den chineál chéanna) a chur i gcomparáid. Léargas a thabhairt ar threochtaí coitianta agus tréithe ceoil ó ghluaiseachtaí éagsúla leis an chuspóir chéanna mar shampla, ceol damhsa, ceol don ardán, ceol scanáin agus léiritheach.

- Breithiúnais a thabhairt agus a mheasúnú faoi cheol agus teanga thuairisciúil neamhfhoirmiúil ach neamhtheicniúil in úsáid (agus freagairt phearsanta don cheol a thabhairt) mar shampla, ceol bríomhar, gnóthach, suaimhneach, i bhfoirm rince, bog, ceol oíche nó suantraí.

AGUS/NÓ

- Teanga thuairisciúil fhoirmiúil a thuiscint agus a chur i bhfeidhm ar cheol (measúnú a dhéanamh agus téarmaíocht theicniúil in úsáid) mar shampla, ceol tuairisciúil/ uathcheol, cuntraphointeach/aonséiseach, dath toin, stíl snagcheoil, tutti, uigeacht gann/saibhir.

4.3 Amhráin /Saothair dhualgais agus Amhráin /Saothair roghnacha

Tá na míreanna dualgais leagtha síos i dtrí ghrúpa (féach lgh 70 agus 71 den siollabas). Tá gach grúpa leagtha síos do thimthriall iomlán daltaí .i. tá Grúpa A faoi scrúdú in 1994, Grúpa B in 1995: Grúpa C in 1996, Grúpa A in 1997 agus dá réir sin agus in ord rothlach.

Ba chóir staidéar a dhéanamh ar amhráin/saothair dhualgais ar leibhéal níos doimhne ná amhráin/saothair roghnacha. Tá siad beirt úsáideach chun leibhéalacha freagrachta do cheol a mheasúnú. Ba chóir staidéar a dhéanamh ar ábhar roghnach agus é a scrúdú ar bhealach ginearálta mar go bhfuil an t-ábhar coitianta idir na saothair roghnacha teoranta. I roinn na scileanna éisteachta den siollabas nua, níl ach 40% de na hamhráin agus saothair thaifeadta leagtha síos don staidéar dualgais. Is féidir an chuid eile a roghnú ó liostaí na gcatagóirí dualgais.

Cabhraíonn na míreanna roghnacha leis an mhúinteoir béim a leagan ar ábhar staidéir atá oiriúnach dá s(h)uimeanna ceoil agus a oireann do riachtanais ar leith na ndaltaí. Cabhraíonn sin

le hinspreagadh daltaí/múinteora. Déanann an siollabas freastal ar gach dalta ó réimse éagsúil cúlraí agus suimeanna. Tá an clár níos oscailte agus níos tarraingtí agus táthar ag súil le go gcabhróidh sé le forbairt an ábhair de réir mar a éireoidh sé níos oiriúnaí do réimse scoileanna éagsúla agus a gcuid daltaí.

RIACHTANAIS AN tSIOLLABAIS:

Staidéar le déanamh ar 20 amhrán; mionstaidéar le déanamh ar 8 amhrán dualgais agus 12 eile ó na catagóirí liostáilte ar leathanach 12 de siollabas. Ní foláir, ar a laghad ceann amháin de na hamhráin roghnacha a roghnú ó gach ceann de na catagóirí dualgais. Chun an chuid eile a fháil, is féidir níos mó ná ceanna amháin a roghnú ó chatagóir ar bith.

Staidéar le déanamh ar naoi saothar taifeadta; trí cinn acu ar saothair dhualgais iad le haghaidh mionstaidéir agus ní mór sé cinn eile (gluaiseachtaí aonair amháin) a roghnú le haghaidh staidéir ghinearálta, ceann amháin ó gach ceann de na catagóirí dualgais liostáilte ar leathanach 15 den siollabas.

Tá catalóga d'amhráin roghnacha agus saothair thaifeadta oiriúnacha liostáilte de réir catagóra in Iarscríbhinn A (leathanaigh 18ff den siollabas) agus Iarscríbhinn H (leathanaigh 72ff den siollabas). Is féidir le múinteoirí agus daltaí amhráin agus saothair thaifeadta a roghnú nach bhfuil ar fáil ar na liostaí moltacha má chomhlíonann a gcuid roghanna riachtanais an chatagóra i gceist. Is féidir, áfach, go bhfuil amhráin agus saothair thaifeadta ann a oireann go breá do roinnt catagóirí mar shampla, is bailéid a lán amhráin de chuid na ndaoine, is amhráin snagcheoil nó amhráin atá i mbéal na ndaoine roinnt amhrán ó cheoldramaí, is damhsaí freisin roinnt gluaiseachtaí siansacha, is féidir le ceol ó scannáin réimse catagóirí tugtha a léiriú srl. Ní foláir staidéar a dhéanamh ar an líon amhrán agus saothar a leagtar síos. Ní féidir an t-amhrán agus saothar taifeadta céanna a úsáid chun tréithe ceoil níos mó ná catagóir dualgais amháin a léiriú.

Is féidir saothair liostáilte faoi Iarscíbhinn F (leathanach 70 den siollabas .i. saothair dhualgais) a úsáid mar ábhar roghnach ach gan na hamhráin roghnacha sin agus saothair thaifeadta a leagan síos don timthriall reatha mar shampla, más é Grúpa B na hamhráin dualgais reatha, is féidir na

hamhráin agus saothair thaifeadta liostáilte faoi Ghrúpa A agus C a úsáid mar amhráin roghnacha agus saothair thaifeadta roghnacha, más gá.

Tá sé riachtanach faoin siollabas freisin go dtabharfar do dhaltaí eolas ginearálta cúlra ar na hamhráin dualgais agus saothair dhualgais chomh maith leis na hamhráin roghnacha, taifeadtaí roghnacha agus catagóirí na n-amhrán agus na n-éisteachtaí.

4.4 Staidéar Ginearálta Roghnach

Tá sé riachtanach faoin siollabas go dtugann daltaí faoi staidéar an-ghinearálta agus ceol-léirithe ar thopaic AMHÁIN roghnaithe ó liosta de chúig (féach leathanach 14 den siollabas). Tá an eochairfhocal léirithe anseo an-ghinearálta agus ceol-léirithe. Tá na príomhfhocail léirithe annseo an-ghinearálta agus léirithe go ceolmhar. Léiríonn na focail seo an scóip agus an treo tuartha ba chóir bheith ag an staidéar seo.

Níl sé intuigthe go mbeidh cur chuige stairiúil in úsáid ach i roinnt cásanna, mar shampla, staidéar ar rac nó snagcheol, is féidir go mbeidh cur chuige stairiúil úsáideach chun cur i láthair an cheoil a chluintear/a sheinntear a eagrú. I gcásanna eile, mar shampla, ceol meánaoiseach, ceol feidhmiúil a chluintear go minic, nó ceol eitneach, is féidir go mbeidh an scóip róleathan. Sna cásanna sin, is féidir go mbeidh sé níos oiriúnaí éisteacht le príomhsheánraí an cheoil a leagann béim ar na réimsí sin. Ní féidir treoirlínte cinnte a thabhairt anseo ach cinn an-ghinearálta. Is é bunbhrí obair dá leithéid go mbíonn an-saoirse ann chun a bhfuil ann a phleanáil agus a stiúrú chomh miath agus is féidir.

Is é an príomhsmaoineamh atá taobh thiar den chuid seo den chúrsa ná deis a sholáthar chun éisteacht le cineál ceoil nach mbíonn ar fáil de ghnáth sa chuid eile den chúrsa agus foghlaim faoi mar shampla, ceol atá i bhfad ar shiúl uainn ó thaobh ama nó áite de, ceol avant-garde nó seánraí éagsúla de cheol atá i mbéal na ndaoine. Níltear ag brath go gcaithfear leis na teidealacha tugtha ar bhonn cuimsitheach. Ba chóir go dtabharfadh múinteoirí dá n-aire nach bhfuiltear ag brath go ndéanfar iad a léirmhíniú go beacht. Is chun léargas ginearálta amháin a thabhairt ar an limistéar staidéir atá i gceist atá siad ann. Tá éagsúlacht mhór sna riachtanais do thopaicí éagsúla agus is féidir go mbeidh cuid acu róleathan chun aon fhiúntas a bhaint astu faoi chúinsí áirithe. Sna

cásanna seo agus mar a n-oireann, tá sé inghlactha tabhairt faoi staidéar ginearálta ar ghné amháin de theideal mar shampla, damhsaí meánaoiseacha nó madragail, ceol a bhí i mbéal an phobail sna 60í nó ceol traidisiúnta na Fraince.

Ba chóir staidéar a dhéanamh ar an chuid seo den chúrsa ar bhealach ginearálta .i. ba chóir go raibh cur amach ginearálta ag daltaí ar an ábhar agus táthar ag súil le go mbeidh siad in ann a chur in iúl gur éist siad le sampla ionadaíoch de cheol taobh istigh den limistéar staidéir a roghnaigh siad.

Is féidir ceol ón staidéar ginearálta roghnach a chomhtháthú leis na scileanna éisteachta ginearálta. Lena chois sin, is féidir gurb é an cur chuige is fearr don roinn seo den siollabas ná obair thionscadail a dhéanamh. As siocair go bhfuil an rogha an-leathan agus mar gheall ar nádúr rúndiamhair chuid mhór de na topaicí, is féidir go mbeidh rannpháirtíocht an mhúinteora riachtanach chun roinnt eolais agus treoir a thabhairt.

Seo a leanas plean réasúnta faoi dhá chúinse den chineál sin:

(1) Cur chuige díreach agus teicnící chun eolas a thabhairt in úsáid chomh maith le taithí ceoil.

Toipic: CEOL MEÁNAOISEACH

- Léiríonn an múinteoir comhthéacs staire éigin mar shampla, Mar a thugadh ceoltóirí a mbeatha i dtír blianta fada ó shin, mar shampla, iad ina gceoltóirí fánacha, ina gceoltóirí eaglaise.

- Éisteann daltaí le píosa ceoil (nó foghlaimíonn siad an dóigh chun píosaí a chanadh nó a sheinnm) a léiríonn gach sampla.

- Plé/sainaithint ginearálta de phríomhthréithe an taithí ceoil.

Seo a leanas greille ullmhúcháin ar a bhfuil sampla den chur chuige de thionscadal daltalárnach. I ngach limistéar, stiúrann an múinteoir grúpa daltaí chuig na háiseanna atá ag teastáil chun an t-eolas cuí a aimsiú agus an modh chun toradh a gcuid oibre a bhreacadh síos. Déanfaidh gach grúpa ansin a gcuid oibre a chur i láthair, chomh maith le samplaí taifeadta go leor, don rang uilig.

Topaic: **RAC LE LINN NA 1980í**



4.5 Ceol na hÉireann

Bhí, i dtólamh, béim an-mhór ar eolas ar cheol na hÉireann i siollabais eile roimhe seo. Mar gheall ar a thábhacht faoi leith mar an cheol náisiúnta s'againn, tá sin amhlaidh i gcónaí. Mar sin féin, chun cloí leis an chuid eile den siollabas, ba chóir go ndéanfadh múinteoirí foghlaim ó

thaithí a sholáthar nuair ab fhéidir. Níl sé inmhianaithe go gcuirfí stair na cruite in Éirinn agus na luathchruiteoirí i láthair do dhaltaí gan éisteacht le samplaí den chruiteoireacht mar a sheinntear ar na saolta seo í, mar shampla, Féile na gCruitirí le Gráinne Yeats (taifeadadh de chuid Gael Linn de cheol na dtéad ó chnuasach Bunting). Mar an gcéanna, tá macalla de cheol na bpíob mór, cé nach maireann, le cluinstin i seinnm ceoltóirí ar na laethanta seo, mar shampla, Máirseál Rí Laoise agus Marcshlua Uí Néill ón taifeadadh Ceol na nUasal le Seán Ó Riada agus Ceoltóirl Cualann.

Is cur chuige fiúntach éisteacht a bhfuil cuspóir léi chun léargas a thabhairt do dhaltaí ar stair ghinearálta cheol na hÉireann, ar phríomhthréithe na gcineálacha éagsúla seinnte agus chun go bhféadfadh siad na huirlisí éagsúla traidisiúnta a aithint. Tá sé riachtanach faoin siollabas nua freisin go gcuirtear i láthair daltaí cleachtadh seinnte grúpaí sa lá atá inniu ann agus go dtugtar cuntas ar an éileamh mór atá i ndiaidh teacht ar cheol na hÉireann inniu. Beidh taifeadtaí de chuid The Chieftains, Dé Danann, The Bothy Band srl. ina gcuidiú mór chun sin a dhéanamh.

4.6 Litearthacht Cheoil agus Cluasbhraistint

Is gné lárnach i ngach clár cothrom oideachasúil ceoil an nasc idir fuaim agus siombal a thabhairt chun solais, an cumas an rud a ghintear agus a bhraitear ó chluas a bhreacadh síos i bhfoirm nodaireachta. Níl aon úsáid ag baint leis an chluas-shamhlaíocht ach amháin nuair is féidir na torthaí a sheachadadh chuig daoine eile trí sheinnm nó i bhfoirm nodaireachta. Mar an gcéanna, is féidir saibhreas mór ceoil a aimsiú nuair is féidir nodaireacht cheoil a chluasbhraistint. Dá mhéad a gcumas sa scil sin is mó an mhuinín atá ag daltaí ceol a sheinnm agus a chumadh agus éisteacht le ceol. Is féidir cur lena tábhacht a thuilleadh nuair a dhírítear aird ar úsáid na scileanna nodaireachta sa cheol a dtéann daltaí i dtaithí air sna trí mhórghníomhaíochtaí ceoil. Ar an dóigh sin, ní féidir a shéanadh an tábhacht a bhaineann léi chun cruinneas a bhunú agus breithiúnais mhaithe cheoil a thabhairt.

Leagtar síos leibhéalacha an litearthacht cheoil go soiléir (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) ar leathanach 16 den siollabas. Sainmhíníonn siad sin leibhéalacha na deacrachta atá inghlactha faoi

scileanna seinnte agus cumadóireachta. Mar sin féin, ní chuireann sin aon chosc orthu siúd atá in inmhe éirim níos airde a thaispeáint más mian leo.

ACMHAINNÍ TEAGAISC

- Trealamh (p.46)
  - Gnáthriachtanais
  - Breis uirlisí
- Leabhair Acmhainní (p.46)
  - Ábhar áiseanna úsáideach
- Dioscliostaí (p.50)
  - Catalóga - inghlacthacht
  - - samplaí

5. ACMHAINNÍ TEAGAISC

5.1 Trealamh

Moltar mar riachtanais sa seomra ranga pianó nó méarchlar leictreonach, seastáin cheoil, céimeanna cóir, clár dubh nó clár bán línithe le haghaidh úsáid an cheoil, córas seinnte ceoil le haghaidh ceol taifeadta a atáirgeadh ar théip agus/nó dlúthdhiosca chomh maith le go leor samplaí de cheol taifeadta, leabhair acmhainní sa bhreis agus cairteanna.

Ta sé inmhianaithe freisin tuilleadh uirlisí a bheith ar fáil, mar shampla, foireann fliúiteanna Sasanacha, gaothuirlisí agus uirlisí práis eile, tuilleadh méarchláir leictreonacha, giotáir srl. le go bhféadfaí gníomhaíochtaí grúpa a chleachtadh.

5.2 Leabhair Acmhainní

LEABHAR CEOIL DON TEASTAS SÓISEARACH

Sean Mac Liam: MUSIC - MAJOR AND MINOR, Junior Certificate Music Textbook, Folens, 1991/1992

Leabhair a hAon agus a Dó, Leabhar an Mhúinteora, Leabhar Saothair agus Téipeanna

LEABHAIR ACMHAINNÍ ÚSÁIDEACHA EILE

William Appleby and Frederick Fowler: FIRSTS AND SECONDS,
An Introduction to Two-Part Singing, Oxford University Press

William Appleby and Frederick Fowler: MORE FIRSTS AND SECONDS,
18 Songs for Two-Part Singing, Oxford University Press

William Appleby and Frederick Fowler: SING TOGETHER, Oxford University Press

Joan Arnold: MEDIEVAL MUSIC, Oxford Topics in Music, Oxford University Press

Tony Attwood: THE POP SONGBOOK, 2 Volumes, Oxford University Press

Roy Bennett: ADVENTURES IN MUSIC, Longman

Roy Bennett: DISCOVERING MUSIC, Books I and 2, Longman

Roy Bennett: ENJOYING MUSIC, Books I, 2 and 3 with workbooks, Longman

Roy Bennett: ENJOYING EARLY MUSIC, Longman

Roy Bennett: ENJOYING MODERN MUSIC, Longman

Roy Bennett: LISTENING TO MUSIC, Longman

Roy Bennett: MUSICAL FORMS, Books I, 2 and 3, Longman

Roy Bennet (editor); CAMBRIDGE ASSIGNMENT~ IN MUSIC, Cambridge
University Press

Form and Design, Instruments of the Orchestra, History of Music, General Musicianship, Keyboard Instruments (books with cassettes)

Roy Bennett: MUSIC DICTIONARY, Longman

David Bowman and Bruce Cole: SOUND MATTERS, (An anthology of listening material for G.C.S.E.), Schott Music Book, Teacher's Manual and Pupil's Questions, and a set of two cassettes

Geoffrey Brace (compiler): SOMETHING TO SING, Books I and 2, Cambridge University Press

Breandan Breathnach: CEOL AGUS RINCE NA hEIREANN, An Gúm/Oifig an tSolathair

Breandan Breathnach: FOLK MUSIC AND DANCES OF IRELAND, Mercier Press

Breandan Breathnach: CEOL RINCE NA hEIREANN, Books I, 2 and 3, Oifig an tSolathair

Michael Burnett: POP MUSIC, Oxford Topics in Music, Oxford University Press

Ian Butler: SONG PACK, A series of 10 books, a cassette and a teacher's manual, Chester Music

Tim Cain: KEYNOTE, (G.C.S.E. textbook), Cambridge University

Ciaran Carson: THE POCKET GUIDE TO IRISH TRADITIONAL MUSIC, Appletree Press

Douglas Coombes (arranger): SONGS FOR SINGING TOGETHER, B.B.C. Publications

Douglas Coombes (arranger): MORE SONGS FOR SINGING TOGETHER, B.B.C. Publications

Colin Cripps: POPULAR MUSIC, Cambridge University Press (book with cassette)

R. T. Dean: CREATIVE IMPROVISATION, Celtic Court

EARLY MUSIC STUDY PACK, Early Music Centre, Charles Clore House, 17 Russell Square, London WCIB 5DR

13 recordings, 10 student's worksheets and teacher's notes.

Marjorie Eele: LISTENING TOGETHER, Novello

Colin Evans: STRIKE IT RICH, Schott

P. Erdei and K. Komlos: 150 AMERICAN FOLKSONGS, Boosey and Hawkes

Paul Farmer: INSTRUMENTS OF THE ORCHESTRA, Longman Music Topics Series, Longman

Paul Farmer: INTO THE CLASSICS, Longman Music Topics Series, Longman

Paul Farmer: INTO THE MODERN CLASSICS, Longman Music Topics Series, Longman

Paul Farmer (editor): MUSIC IN PRACTICE, Oxford University Press

Paul Farmer: POP, Longman Music Topics Series, Longman

Paul Farmer: RAGTIME AND BLUES, Longman Music Topics Series, Longman

Paul Farmer: RECORDING AND ELECTRONICS, Longmnan Music Topics Series, Longman

Paul Farmer: STEELBANDS AND REGGAE, Longman Music Topics Series, Longman

Paul Farmer: THE STORY OF POP, Longman Music Topics Series, Longman

Robert Fink and Robert Ricci: THE LANGUAGE OF TWENTIETH CENTURY MUSIC, A Dictionary Of Terms, Schirmer Books

Jane Frazee, DISCOVERING ORFF, Schott

Clive D. Griffin: MUSIC MATTERS, Dryad Press
Sraith de cheithre leabhar faoi leith dar teideal Afro-American Music, Classical Music, Jazz agus Rock Music.

Ruth Harris and Elizabeth Hawksley: COMPOSING IN THE CLASSROOM, Cambridge University Press

Eddie Harvey: JAZZ IN THE CLASSROOM, Boosey and Hawkes, Teacher's Book, Pupil's Book and Cassette

James N. Healy: IRISH BALLADS AND SONGS OF THE SEA, Mercier Press

James N. Healy: LOVE SONGS OF THE IRISH, Mercier Press

David Jenkins and Mark Visocchi: LISTEN MIX *"N"* MATCH, Understanding Counterpoint from J.S.Bach to Irving Berlin, Universal Edition

David Jenkins and Mark Visocchi: MIX *"N"* MATCH, Instant Part Singing, Universal Edition

David Jenkins and Mark Visocchi: MORE MIX *"N"* MATCH, Instant Part Singing Universal Edition

David Jenkins and Mark Visocchi: MUSIC BUILDER, Universal Edition

David Jenkins and Mark Visocchi: PORTRAITS IN MUSIC I, Oxford University Press

David Jenkins and Mark Visocchi: PORTRAITS IN MUSIC 2, Oxford University Press

Ian Lawrence: ADVANCED PROJECTS IN MUSIC, Longman

Ian Lawrence: PROJECTS IN MUSIC, a series of four separate books, ***Longman***

Book I	Basic Materials	Book 2	Score Reading
Book 3	Historv	Book 4	Instruments

Tony Mc Mahon: IRISH TRADITIONAL MUSIC, No.41 of the Irish Environmental Library Series, Folens

Richard McNichol: CREATE AND DISCOVER, Oxford University Press

Tom Maher: The Harp's a Wonder, Uisneach Press

Bill Meek (editor): THE LAND OF LIBERTIE, Songs of the Irish in America, Gilbert Dalton Ltd.

R. Middleton: STUDYING POPULAR MUSIC, Celtic Court

Pat Mitchell: THE DANCE MUSIC OF WILLIE CLANCY, Mercier Press

MUSIC FROM THE SHOWS, Bosworth

Mánus Ó Baoill: CEOLTA GAEL 2, Cló Mercier

Sean Óg agus Mánus O Baoill: CEOLTA GAEL, Cló Mercier

Tomas O Canainn: TRADITIONAL MUSIC IN IRELAND, Routledge and Kegan Paul

Micheál O hEidhin (eagathoir): CAS AMHRÁN, Leabhair I agus 2, Cló Chois Fharraige

Francis O'Neill: THE DANCE MUSIC OF IRELAND, Waltons

PREMIÉRE FILM MUSIC, Volumes I and 2, Chappel

Vito Puopolo: MUSIC FUNDAMENTALS, Schirmer Books

An Roinn Oideachais: CUISLE AN CHEOIL, Oifig an tSolathair

W. Salaman: LISTENING IN, Cramer Music Teacher's Books I, 2 and 3
Pupil's Books I, 2 and 3, Cassettes I, 2 and 3

W. Salaman: THE NEW COMPOSER, Boosey and Hawkes

SING CARE AWAY, Books I, 2, 3 and 4, Novello

Edwin Smith and David Renouf: APPROACH TO MUSIC, A Course for Secondary Schools Books I, 2 and 3 with workbooks and teacher's manuals, Oxford University Press

Peter Smith (editor): FAITH, FOLK AND CLARITY, A Collection of Folksongs, Galliard

Declan F. Townsend: MANYWAYS, 50 Song Arrangements, Folens

Trevor Webb and Nicholas Drew: LET'S MAKE MUSIC, (G.C.S.E. Music Projects), Novello

Book I: Let's Begin	Book 4: Let's Listen Again
Book 2: Let's Go On	Book 5: Let's Compose
Book 3: Let's Listen	Answer Book

Harry **R.** Wilson: OLD AND NEW ROUNDS AND CANONS, Harold Flammer Inc.

5.3 Dioscliostaí

Is iad na catalóga is mó a bhfuil teacht orthu den cheol taifeadta atá ar fáil agus na cinn ar minice iad chun dáta agus soláimhsithe, na catalóga sin a fhoilsíonn na comhlachtaí ceiníní, Polygram, E.M.I. srl. Dáiltear iad, ó am go chéile, ar na siopaí maithe ceoil uilig agus bíonn teacht orthu le haghaidh comhairlithe ach a n-iarraidh. Ní foláir catalóga foilsithe a thabhairt chun dáta ar bhonn rialta, mar gheall ar nádúr guagach an mhargaidh, chun taifeadta nua don mhargadh chomh leo siúd nach bhfuil le ceannacht níos mó a chur sa chuntas. Seo a leanas sampla ionadaíoch de na gnáthchatalóga a fhoilsítear.

Edward Greenfield et al. (1988): THE NEW PENGUIN GUIDE TO COMPACT DISCS AND CASSETTES, Penguin, [tagairtí do cheol clasaiceach, ón ardán agus ó scannáin den chuid is mó]

Edward Greenfield et al. (1990): THE PENGUIN GUIDE TO COMPACT DISCS, BEST BUYS IN CLASSICAL MUSIC, Penguin

John Humphries (editor) (1985): MUSIC MASTER - THE WORLD'S GREATEST RECORD CATALOGUE, 11th edition, John Humphries Publishing, [seánraí i mbéal na ndaoine den chuid is mó]

John Humphries (editor) (1989): MUSIC MASTER CD. CATALOGUE, 10th edition, John Humphries Publishing, [seánraí i mbéal na ndaoine den chuid is mó]

Margaret Maycock et al. (1990): GRAMOPHONE COMPACT DISC DIGITAL AUDIO CATALOGUE, General Gramophone Publications, [tagairtí do cheol clasaiceach, ón ardán agus ó scannáin]

Margaret Maycock et al. (1990): GRAMOPHONE CLASSICAL CATALOGUE, General Gramophone Publications

Christopher Pollard (editor) et al.: THE GOOD CD. GUIDE 1991, General Gramophone Publications, [tagairtí do cheol ón ardán agus ó scannáin; tá sa saothar seo freisin inteoracha úsáideacha dar teideal "Exploring Twentieth-Century Music" agus "Exploring Early Music from Medieval to Renaissance"].

6 TEICNÍCÍ MEASÚNAITHE AGUS FORÁIL AR RIACHTANAIS SPEISIALTA

- Cinníocha maidir le scrúduithe (p.52)

  Freagracht, eagrúchán, monatóireacht
  Teicnící atá ann cheana féin
  Foráil ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu

- Dréachtcheisteanna samplacha (p.52)

  CNCM agus an Roinn Oideachais

- Leibhéalacha dearfa acmhainneachta (lch. 52)

  Mórchuspóir

6. TEICNÍCÍ MEASÚNAITHE AGUS FORÁIL AR RIACHTANAIS SPEISIALTA

Tá a lán cinníocha a bhaineann le scrúdú an Teastais Shóisearaigh nach ndearnadh go fóill. Is ar an Roinn Oideachais atá na freagrachtaí foriomlána le haghaidh eagrúchán agus monatóireacht

na scrúduithe agus caighdeánú na ngnásanna measúnaithe. Tá molta ag CNCM gur chóir leanúint ar aghaidh le réimse na dtecinící measúnaithe mar atá ann cheana féin, praicticiúil agus ó chluais cum scríofa agus gur chóir gach dalta a bhíonn ag gabháil do cheol don Teastas Sóisearach a chur faoi scrúdú go cothrom i seinnm, i gcumadóireacht agus i scileanna éisteachta. Tá á mholadh chomh maith, faoi chúinsí speisialta (mar shampla, daltaí a bhfuil riachtannais speisialta agus deacrachtaí acu), gur chóir don Roinn cead a thabhairt do dhaltaí scileanna seinnte a chur i láthair ar fhíseán nó ar théip. Ba chóir cead dá chineál a lorg roimh an scrúdú. Ba chóir freisin socrú cuí a dhéanamh maidir le daltaí lagamhairc agus lagéisteachta.

Soláthróidh an CNCM dréachtcheisteanna samplacha scrúduithe don Roinn Oideachais.

Déanfar scrúdú an Cheoil sa Teastas Sóisearach a dhearadh chun leibhéalacha dearfa acmhainneachta a oireann don aoisghrúpa ghinearálta a aithint agus taobh istigh d'aidhmeanna agus cuspóirí iomlána an tsiollabais.